25	Irish Youth Justice Service / Youth Crime Policy & Programmes Division	The IYJS has responsibility for leading and driving reform in the area of youth justice. It also funds the Garda Youth Diversion Programme and other IYJS community programmes.	Established December 2005	N/A
26	Office for Internet Safety	To promote internet safety, particularly in relation to combating child pornography.	Established March 2008	N/A
27	Victims of Crime Office	To improve the continuity and quality of services to victims of crime.	Established September 2008	N/A
28	Anti-Money Laundering Compliance Unit	To authorise Trust or Company Service Providers (TCSPs), register Private Member Clubs and monitor money laundering compliance of High Value Goods Dealers, TCSPs and Private Member Clubs.	Criminal Justice (Money Laundering & Terrorist Financing) Act 2010	N/A

STATUTORY BODIES: These are bodies established by law.				
29	An Garda Síochána	Policing and national security in the State	Garda Síochána Acts 1924-2005	Policing Division
30	Courts Service	Manage the Courts, support the judiciary and provide high quality and professional services to all users of the courts.	Courts Service Act 1998	Courts Policy
31	Criminal Assets Bureau	To target the assets, wherever situated, of persons which derive or are suspected to derive, directly or indirectly, from criminal conduct	Criminal Assets Bureau Act 1996	Drugs and Organised Crime Division.
32	Garda Síochána Inspectorate	To carry out inspections or inquiries in relation to any particular aspects of the operation and administration of An Garda Síochána	Garda Síochána Act 2005	Policing Division
33	Insolvency Service of Ireland	Operation of personal insolvency debt solutions. Authorisation and supervision of Personal Insolvency Practitioners and Approved Intermediaries	Personal Insolvency Act 2012	Civil Governance Unit
34	Irish Human Rights and Equality Commission	To protect and promote human rights and equality in Ireland	Irish Human Rights and Equality Commission Act 2014	Equality Division
35	Irish Legal Terms Advisory Committee	To provide expert advice in relation to the preparation and publication of forms and precedents of legal instruments and documents in the Irish language	Irish Legal Terms Act 1945	Corporate Services Division
36	Legal Aid Board	Provision of civil legal aid and advice	Civil Legal Aid Act 1995	Corporate Services Division
37	Mental Health (Criminal Law) Review Board	Review of detention of patients in the Central Mental Hospital	Criminal Law (Insanity) Act 2006	Prisons and Probation Policy
38	National Disability Authority	Provision of advice on disability policy and practice	National Disability Authority Act 1999	Equality Division
39	Ordnance Survey Ireland	Creation and maintenance of the definitive mapping records of the State.	Ordnance Survey Ireland and Act 2001	Civil Governance Unit
40	Office of the Inspector of Prisons	Inspection of prisons, advisory	Prisons Act 2007	Prison and Probation Policy
41	Policing Authority	Overseeing the performance of An Garda Síochána in relation to policing services in Ireland	Garda Síochána (Policing Authority and Misc.Prov.) Act 2015	Policing Division
42	Property Registration Authority	Management and control of the Land Registry and the Registry of Deeds, promotion and extension of registration and ownership of land	Registration of Deeds & Title Act 2006	Civil Governance Unit
43	Valuation Office	State property valuation agency – the provision of accurate, up-to-date valuations of commercial and industrial properties.	Valuation (Ireland) Act 1852; Valuation Act 2001	Civil Governance Unit
Other statutory office				
44	Coroners	To look into the circumstances of a sudden, unnatural, unexplained, violent or unnatural death	Coroners Act 1962	Prison and Probation Policy





**AN ROINN DLÍ AGUS
CIRT AGUS
COMHIONANNAIS**

***Ag Obair chun Éire
Shábháilte Chóir a
bhaint amach***

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

Oifig an Aire agus an Ard-Rúnaí

51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 D02 HK52

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 D02 HK52

94 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 D02 FD70

Cearnóg an Easpaig, Cnoc Réamainn, Baile Átha Cliath 2 D02 TD99

Cúirt Montague, Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2, D02 FT96

Suíomh Gréasáin: www.justice.ie

R-phost: info@justice.ie

Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann

13-14 Cé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath 2 D02 XK70

Teil.: 01 616 7700

Íosghlao: 1890 551 500

Teach na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 D01 C7W6

Oifigí an Rialtais, Bóthar Rosanna, Tiobraid Árann, E34 N566

Teil.: 062 32500

Teach Gharrán Beithe, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann E53 HY05

Teil.: 0505 24126

Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Bóthar Pháirc na bhFianna, Cill Airne, Co. Chiarraí V93 KH28

Teil.: 064 70300

Tá an doiciméad seo ar fáil ar
shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.justice.ie

Is féidir cóipeanna den doiciméad seo a fháil ó:

RDU, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 D02 HK52

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

BROLLACH LEIS AN AIRE	4
RÉAMHRÁ LEIS AN ARD-RÚNAÍ	5
1 - COMHTHÉACS STRAITÉISEACH AGUS FORLÉARGAS	6
2 - ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN 2016	7
3 - DUL CHUN CINN AR AN RÁITEAS STRAITÉISE 2015-2017.17	
3.1 - CLÁR ATHRUITHE BUNÚSACHA LEANÚNACHA EAGRÚCHÁIN A CHUR I bhFEIDHM.....	17
3.2 - CEANNAIREACHT MAIDIR LEIS AN mBEARTAS DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS, AGUS MAIDIR LEIS AN mBEARTAS SIN A CHUR I gCRÍCH, AGUS FORMHAOIRSEACHT AR AN MÉID SIN	22
3.3 - ÉIRE SHLÁN SHÁBHÁILTE	23
3.4 - ROCHTAIN AR CHEARTAS DO CHÁCH.....	38
3.5 - SOCHAÍ CHOTHROM CHUIMSITHEACH.....	40
3.6 - CÓRAS ÉIFEACHTÚIL FREAGRÚIL AGUS COTHROM MAIDIR LE hINMIRCE, TEARMANN AGUS SAORÁNACHT.....	48
4 - FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH	57
AGUISÍN 1: CAIRT EAGRÚCHÁIN	62
AGUISÍN 2 - COMHLACHTAÍ ATÁ FAOI CHOIMIRCE NA ROINNE.....	63

Brollach leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais



Charles Flanagan TD
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais



An tAire Stáit le Freagracht Speisialta as Comhionannas, Inimisce agus Imeascadh
David Stanton TD



An tAire Stáit le Freagracht Speisialta as Saincheisteanna Míchumais
Finian McGrath TD



An tAire Stáit le Freagracht Speisialta as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí
Pat Breen TD

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2016 don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thíolacadh. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach an dul chun cinn a rinne mo Roinnse sa dara bliain de chur chun feidhme Ráiteas Straitéise na Roinne 2015-2017. Leagtar amach sa Straitéis conas a chuirfidh an Roinn gealltanais Chlár an Rialtais chun feidhme. Is léir go ndearnadh an-chuid oibre a chur ar aghaidh agus a chur i gcrích sa bhliain 2016, cé go rabhthas ag dul i ngleic le dúshlán nua – go háirithe mar thoradh ar an gcinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe i mí an Mheithimh 2016 imeacht as an Aontas Eorpach.

Ba mhaith liom an obair a rinne Frances Fitzgerald, iar-Thánaiste, iar-Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus mo réamhtheachtaí, le linn na tréimhse sin a mholadh agus aitheantas a thabhairt do na hathchóirithe tábhachtacha a thionscain sí, go háirithe bunú an Údaráis Phóilíneachta i mí Eanáir 2016 chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas, struchtúir agus feidhmíocht an Gharda Síochána. Tá an tÚdarás Póilíneachta ina fhóram nua le haghaidh maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí póilíneachta in Éirinn. Níl ann ach gné amháin den chlár fairsing um athchóiriú an Gharda Síochána, rud atá ag leanúint ar aghaidh agus a mbeidh forbairtí suntasacha eile ag gabháil leis, lena n-áirítear obair an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.

Forbairt shuntasach eile sa bhliain 2016 ba ea tosach feidhme an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015. Foráiltear leis an Acht do nós imeachta iarratais aonair a thabhairt isteach do dhaoine atá ar lorg cosaint idirnáisiúnta. Is é sin an t-athchóiriú is suntasaí ar an réimse sin le fiche bliain anuas agus is é an toradh a bheidh air go dtabharfar cinnteacht stádais ag céim níos luaithe dóibh siúd atá i dteideal cosaint idirnáisiúnta a iarraidh sa Stát. Tá áthas orm aitheantas a thabhairt don raon leathan oibre a chuir an Roinn seo i gcrích sa bhliain 2016 agus is mór an phribhléid dom gur cheap an Taoiseach Varadkar mé mar Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 14 Meitheamh 2017. Táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le mo chomh-airí sa Roinn agus le mo chuid oifigeach ar fud na hEarnála ar fad ar mhaithe le comhlíonadh a dhéanamh ar na gealltanais uailmhianacha a tugadh sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, ar athchóirithe tábhachtacha agus ar dhualgais na Roinne seo Éire atá níos sábháilte agus níos córa a bhaint amach.

Charles Flanagan TD
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Réamhrá leis an Ard-Rúnaí Gníomhach



Ard-Rúnaí Gníomhach
Oonagh McPhillips

Thit imeachtaí cinniúnacha i stair ár náisiúin amach sa bhliain 1916. Bhí siad ina n-imeachtaí a réitigh an bealach le haghaidh bhunú ár Stáit mar náisiún neamhspleách. Is iomaí forbairt a rinneadh agus éacht a baineadh amach i réimse an Dlí agus Cirt agus an Chomhionannais sa 100 bliain ó shin i leith agus tá an Roinn seo agus a Gníomhaireachtaí ag leanúint lenár misean a chomhlíonadh, is é sin, Éire shábháilte chóir a bhaint amach. Nithe ar cuireadh díriú ar leith orthu sa bhliain 2016 ba ea aghaidh a thabhairt ar an méadú suntasach a bhí ann ar dhúnmharuithe atá bainteach le dronga agus cabhrú lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach i dtaca le géarchéim imirceach an Aontais Eorpaigh. Cuireadh bearta agus cláir láidre chun feidhme ina leith sin.

Comhlíonadh an-chuid cuspóirí tábhachtacha eile sa bhliain. Bhain siad leis an raon leathan feidhmeanna agus réimsí beartais a bhfuil an Roinn freagrach astu, lena n-áirítear: bunú an Údaráis Phóilíneachta; leathnú chlár na Freagartha Comhghníomhaireachta i leith na Coireachta tar éis clár teorach an-rathúil a reáchtáil, tabhairt isteach an phróisis iarratais aonair d’iarratasóirí ar chosaint; achtú lear píosaí reachtaíochta tábhachtaí faoi chlár reachtaíochta an Rialtais; agus seoladh roinnt straitéisí tábhachtacha comhionannais. Reáchtáladh an chéad Chomhdháil Bhliantúil de chuid na hEarnála Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2016 freisin. Tugadh le chéile lena linn ardbhainisteoirí ón Roinn ar fad agus ón mórearnáil dlí agus cirt agus comhionannais chun plé a dhéanamh ar an téama ‘Dlí agus Ceart agus Comhionannas a Sholáthar trí Bheartas agus Cur Chun Feidhme Comhtháite’. I Rannán 2 den Tuarascáil Bhliantúil, tugtar léargas ar an mbliain de réir ráithe. I Rannán 3, leagtar an fhaisnéis amach ar aon dul leis an Ráiteas Straitéise 2015-2017, áit a dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn i gcomparáid le cuspóirí straitéiseacha gach Cláir.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú gairmiúlacht agus tiomantas gach baill foirne san Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais a mholadh de réir mar a chinntíonn siad go gcomhlíonaimid ár misean.

Oonagh McPhillips
Ard-Rúnaí Gníomhach

1 - COMHTHÉACS STRAITÉISEACH AGUS FORLÉARGAS


ÁR MISEAN

Is é ár misean slándáil an phobail agus slándáil náisiúnta a choinneáil ar bun, an ceartas agus an comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a chosaint ar aon dul leis an leas coiteann.

Tugtar tuairisc sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an dul chun cinn atá déanta ar na gníomhartha atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise don tréimhse 2015-2017. Forbraíodh an Straitéis sin i gcomhthéacs Fhís, Ráiteas Misin agus Luachanna na Roinne agus leagtar amach inti na gníomhartha straitéiseacha a chuirfear chun feidhme thar thréimhse feidhme na straitéise, agus iad grúpáilte ina sé cinn de chláir ardleibhéil:



B'ionann ollchaiteachas iomlán ghrúpa an Vóta Dlí agus Cirt don bhliain 2016 agus €2.436 billiún. Baineann €2.291 billiún den tsuim sin le caiteachas reatha agus baineann an t-iarmhéid €145 milliún le caiteachas caipitiúil. Tá Grúpa an Vóta Dlí agus Cirt comhdhéanta d'ocht Vóta, is iad sin: an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Chúirteanna, an tÚdarás Clárúcháin Maoine, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an Oifig Luachála. Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta na Roinne agus do Vóta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann – féach 4.3 Táblaí Airgeadais.



Forléargas ar an Roinn i bhfoirm figiúirí

2 - ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN 2016

Tugadh aird tosaíochta sa bhliain 2016 ar na himpleachtaí don Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bheidh ag cinneadh na Ríochta Aontaithe éirí as an Aontas Eorpach. Cé go mbeidh tionchar ag imeacht na Ríochta Aontaithe ar an-chuid de réimsí freagrachta na Roinne, tagann saincheisteanna a mbaineann tábhacht ar leith leo chun cinn i dtaca le cothabháil an Chomhlimistéir Thaistil agus le comhar póilíneachta agus breithiúnach. D'imir an Roinn ról gníomhach sna hullmhúcháin atá ar bun ar fud an Rialtais chun tionchar an Bhreitheachta a íoslaghdú agus chun ullmhú d'idirbheartaíocht Airteagal 50.

Lean an Roinn le gníomhartha chun an tslándáil náisiúnta a chur chun cinn agus chun tacú leis an nGarda Síochána ó thaobh dul i ngleic leis an gcoireacht de, lena n-áirítear gach cineál coireachta agus coireacht thromchúiseach agus coireacht eagraithe a chomhrac. Sa chéad bhliain iomlán atá sí i bhfeidhm ó tionscnaíodh í i mí na Samhna 2015, d'éirigh le hOibríocht Thor dul i ngleic leis an méadú a bhí ann sa bhuirgléireacht agus i gcionta gaolmhara. Léirítear i staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go raibh laghdú 30% ann sa líon buirgléireachtaí sa tréimhse. Bhí méadú suntasach sa choireacht eagraithe fhoréigineach ann sa bhliain 2016. Mar chuid de ghníomhaíocht an Gharda Síochána chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe, cuireadh tús le hOibríocht Hybrid i mí Feabhra 2016. Is é aidhm na hoibríochta freagairt faoi airm don choireacht eagraithe a chur ar fáil i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuimsíonn an Oibríocht roinnt seicphointí agus patróil ard-infheictheachta faoi airm, agus é mar aidhm aici cur isteach ar ghníomhaíochtaí na gcoirpeach foréigineach agus aghaidh a thabhairt ar imní an phobail faoi shábháilteacht pobail, go háirithe i réigiún Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh dhá Aonad Gardaí mhóra nua sa bhliain 2016. Tá Tascfhórsa Speisialta Coireachta an Gharda Síochána i mbun oibre i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath ó mhí Iúil 2016 i leith. Tá sé ag díriú gan stad gan staonadh ar dhaoine atá ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí coireachta eagraithe. Oibríonn sé i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Seoladh Aonad Tacaíochta faoi Airm tiomnaithe nua do Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath an 14 Nollaig 2016. Tá sé i mbun oibre anois 24 huaire sa lá, 7 lá sa tseachtain. Le bunú an Aonaid Tacaíochta faoi Airm nua, feabhsaíodh acmhainn tacaíochta armáilte an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath.

Sholáthair an Coiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil clár oibre suntasach sa bhliain. Ba é a bhí i gceist leis raon tionscadal comhroinnte a raibh mar aidhm leo torthaí a fheabhsú ar fud an chórais cheartais choiriúil, lena n-áirítear sna réimsí seo: forbairt ceannaireachta, an ógchoireacht, cearta na n-íospartach, roghanna eile ar ionchúiseamh, riachtanais agus idir-inoibritheacht sonraí, agus éifeachtúlachtaí i mbainistiú na gcásanna coiriúla sna cúirteanna. Bunaíodh an Coiste sin sa bhliain 2015 chun athruithe suntasacha comhair agus comhoibrithe a bhrú chun cinn ar fud na hearnála ceartais choiriúil. Déanann Ard-Rúnaí na Roinne cathaoirleacht ar an gCoiste. Ar na comhaltaí eile de tá Coimisinéir an Gharda Síochána, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus na Cinn ar na comhlachtaí seo: an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh, an Bord um Chúnaimh Dlíthiúil, Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus an tÚdarás Póilíneachta.

Rinne an Roinn dul chun cinn ar mhéid suntasach reachtaíochta sa bhliain, rud a chinntigh gur freastalaíodh ar thosaíochtaí reachtacha an Rialtais. Ina theannta sin, lean sí leis an gcéim dheiridh dá Clár Athruithe a chur chun feidhme.

Eanáir-Márta:

- [Bunú an Údaráis Phóilíneachta](#)

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta i mí Eanáir 2016 chun fónamh mar fhóram nua éifeachtach neamhspleách do mhaoirseacht an phobail ar sheirbhísí póilíneachta in Éirinn. Is iad a phríomhfheidhmeanna maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i dtaca le seirbhísí póilíneachta, feasacht an phobail ar ábhair phóilíneachta a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do na feabhsuithe leanúnacha ar an bpóilíneacht in Éirinn agus iad a chur chun cinn. Ar a fheidhmeanna tá ráitis straitéise agus pleananna póilíneachta bliantúla an Gharda Síochána a cheadú; tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta a shocrú don Gharda Síochána; cód eitice a bhunú a gcuirtear caighdeán iompair agus caighdeán chleachtais do chomhaltaí den Gharda Síochána ar áireamh ann; agus ceapacháin a dhéanamh chuig poist shinsearach sa Gharda Síochána. Anuas air sin, féadfaidh an tÚdarás iarraidh ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus/nó ar Chigireacht an Gharda Síochána cigireacht nó fiosrúchán a thionscnamh nó cleachtais nó nósanna imeachta de chuid an Gharda Síochána a scrúdú.

- [Tosaíodh an tAcht Fíneálacha \(Íoc agus Gnóthú\), 2014](#)

Tháinig an tAcht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014, i bhfeidhm i mí Eanáir 2016. Éacht tábhachtach don chóras íocaíochta fíneálacha in Éirinn a bhí ansin. Leis sin, comhlíontar an gealltanais a tugadh i gClár an Rialtais go dtabharfaí ceangal le tuilleamh isteach chun fíneálacha neamhíochta a ghnóthú. Faoin Acht sin, rinneadh athchóiriú ó bhonn ar an dlí um fhíneálacha a íoc agus a ghnóthú. Ní hé príosúnacht an toradh uathoibríoch ar neamhíoc fíneálacha a thuilleadh.

- [Foilsiú an Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021](#)

Sheol an Tánaiste an straitéis uile-Rialtais seo i mí Eanáir 2016. Beartaítear leis an Straitéis raon gníomhartha a gcuirfidh eagraíochtaí san earnáil Stáit, san earnáil dheonach agus san earnáil pobail iad chun feidhme, ar gníomhartha iad a bhfuil mar aidhm leo freagairt d'fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe agus é a chosc. Fógraíodh feachtas náisiúnta gaolmhar nua a bhfuil mar aidhm aige feasacht náisiúnta a mhéadú. Is gné thábhachtach í seo de thacú le misean na Roinne um áit níos sábháilte agus níos fearr le cónaí ann a dhéanamh d'Éirinn. Rinneadh struchtúir faireacháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise. Feabhsaíodh seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus rinneadh an pointe teagmhála aonair le haghaidh tacaíocht agus faisnéis a rochtain d'Oifigí Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'íospartaigh. Rinneadh leagan athchóirithe comhdhlúite den Bhille um Fhoréigean Baile a dhréachtú agus a fhoilsiú chun athchóirithe áirithe a thabhairt isteach agus chun an reachtaíocht sa réimse sin a chomhdhlúthú.

- [Tosaíodh príomhfhorálacha an Achta um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015](#)

Aithnítear ilchineálacht mhéadaitheach shaol an teaghlaigh leis na hathchóirithe a thugtar isteach leis an Acht seo. Beidh leasuitheoirí, páirtneírí sibhialta agus páirtneírí comhchónaithe in ann iarratas a dhéanamh ar a bheith ina gcaomhnóirí do leanbh nó iarratas a dhéanamh ar choimeád. Díreoidh an chúirt go príomha ar leasanna is fearr an linbh le linn imeachtaí ar chaomhnóireacht, ar choimeád nó ar rochtain.

- Rinneadh Ordú Maithiúnais don Uas. Harry Gleeson**

Ar chomhairle a fháil ón Rialtas, d'fheidhmigh an tUachtarán an ceart maithiúnais atá aige faoi Airteagal 13.6 den Bhunreacht i leith chiontú an Uas. Harry Gleeson. Fuarthas in athbhreithniú go raibh easnaimh ann sa chás, rud a d'fhág gur neamhshábháilte a bhí an ciontú.
- An chéad Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Maoirseachta Náisiúnta don Bheartas Cealaithe maidir le Córas Próiseála Muirear Seasta an Gharda Síochána**

Fuarthas sa tuarascáil ón mBreitheamh Matthew Deery gur 'comhlíonadh go suntasach' beartas an Chórais Phróiseála Muirear Seasta, rud a léiríonn gur éirigh leis na hathchóirithe suntasacha fairsinge ar an bpróiseáil agus ar an maoirseacht a rinneadh ar iarrataí ar chealú pointí pionóis ina chinntiú gur láidir agus cothrom atá an próiseas agus go bhfuil sé á oibriú de réir an bheartais.
- Tosach feidhme na reachtaíochta Féimheachta**

Tugadh an chuid is mó d'fhorálacha an Achta Féimheachta (Leasú), 2015, i bhfeidhm i mí Eanáir 2016, lenar áiríodh téarma laghdaithe féimheachta de 1 bhliain. Leis an Acht nua, déantar nua-aoisiú breise ar chóras féimheachta an Stáit. Baintear costais neamhriachtanacha agus moilleanna d'fhéichiúnaithe agus do chreidiúnaithe, laghdaítear an gá le ham agus acmhainní cúirte agus cumasaítear riarachán féimheachta atá níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Tugadh na forálacha eile i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2016.
- Córas Bainistíochta Clár Nua**

Rinneadh córas bainistíochta clár nua ar a dtugtar OnePlan a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i mí an Mhárta 2016. Tá an córas ar an eochairchuid den mhaoirseacht a dhéanann an Bord Bainistíochta ar chineál leathan casta na hearnála Dí agus Cirt agus Comhionannais.
- Cairt Cultúir agus Luachanna Nua**

Rinne an Roinn forbairt agus foilsíú ar Chairt Cultúir agus Luachanna nua agus cuireadh Foireann Athruithe ar bun chun brú chun cinn a dhéanamh ar chomhtháthú na cairte sa dóigh a n-oibrímid mar Roinn, agus é mar aidhm léi cultúr na Roinne a bhunathrú chun feabhais.
- Painéal Dlíthiúil le haghaidh cásanna Cosanta Coimhdí agus Cead Fanachta a phróiseáil**

Cuireadh Painéal Dlíthiúil le haghaidh cásanna Cosanta Coimhdí agus Cead Fanachta ar bun. Cabhróidh an Painéal le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann déileáil leis an líon mór iarratas a fhaightear.
- Comhdháil Aireachta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) in aghaidh na Breabaireachta**

Rinne OECD óstáil an 16 Márta 2016 ar chruinniú Aireachta ar an gCoinbhinsiún in aghaidh na Breabaireachta. Cuireadh ar siúl é in Ionad Comhdhála OECD i bPáras. Bhí an tUas. Peter Mullan, Rúnaí Cúnta sa Rannán Coireachta agus Slándála, i láthair ag an gComhdháil mar ionadaí don Aire.

Bhí an cruinniú ina ardán uathúil chun plé a dhéanamh ar bhearta lena neartófaí cur chun feidhme an Choinbhinsiúin in aghaidh na Breabaireachta agus chun smaointe a mhalartú ar bhreabaireacht eachtrach agus fadhbanna éiritheacha a chomhrac. Ar na nithe ar cuireadh díriú ar leith orthu bhí cosaint a thabhairt do sceithirí agus nochtadh deonach, comhar idirnáisiúnta agus comhlíonadh frithéilithe a éascú.

Aibreán-Meitheamh

- **Creat Nua Rialachais Chorporáidigh**
Foilsíodh Creat Rialachais Chorporáidigh na Roinne i mí Aibreáin 2016. Tá sé comhoiriúnach leis an gcóras rialachais atá i bhfeidhm ar fud na Státseirbhíse. Déanfaidh Bord Bainistíochta na Roinne athbhreithniú ar an gCreat gach bliain.
- **Cairt Chustaiméirí**
Rinneadh Cairt Chustaiméirí nua agus Plean Gníomhaíochta gaolmhar um Sheirbhís do Chustaiméirí a fhorbairt. Foilsíodh iad ar shuíomh Gréasáin na Roinne i mí Aibreáin 2016. Léirítear sna doiciméid an t-aiseolas a fuarthas ó bhaill foirne, ón bpobal agus ónár ngeallsealbhóirí.
- **Bunú an dara Cúirt Choiriúil Speisialta**
Shínigh an Tánaiste na rialacha cúirte don dara Cúirt Choiriúil Speisialta i mí Aibreáin 2016. An dara Cúirt Choiriúil Speisialta, a bunaíodh le hOrdú ón Rialtas i mí na Nollag 2004, cruthaíodh í i mí Dheireadh Fómhair 2015 nuair a ceapadh seachtar breithiúna ar seirbhís chun a binse. Ina measc bhí triúr breithiúna den Ard-Chúirt, beirt bhreithiúna den Chúirt Chuarda agus beirt bhreithiúna den Ard-Chúirt. Chuaigh an dara Cúirt Choiriúil Speisialta i mbun oibre an 25 Aibreán 2016.
- **Foilsíú na Tuarascála ó Choimisiún O’Higgins**
Cuireadh an tuarascáil deiridh ó Choimisiún Imscrúdúcháin O’Higgins faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí Aibreáin 2016. D’fhoilsigh an tAire í i mí na Bealtaine 2016. Bunaíodh an Coimisiún faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004 chun imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar nithe áirithe i dtaobh Rannán an Chabháin/Mhuineacháin den Gharda Síochána agus ar shaincheistean gaolmhara.
- **An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016**
Foráiltear leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016, go mbeidh raon mionchionta spíonta tar éis seacht mbliana. Meastar go mbeidh thart ar 85% de chiontuithe ina gciontuithe spíonta tar éis 7 mbliana mar thoradh ar an Acht seo. Níl feidhm ag an Acht maidir le ciontú ar bith i gcion gnéasach ná le cion a triaileadh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil.
- **Tosaíodh an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012**
Áirithítear leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, go nochtar ar an mbealach cuí aon chiontuithe coiriúla ábhartha nó aon fhaisnéis eile is cúis le hábhair imní maidir le duine a bheith ag obair le leanaí nó ag iarraidh obair le leanaí. Foráiltear leis an Acht freisin d’fhaisnéis bhog a úsáid i dtaca le grinnfhiosrúchán. Tugtar “faisnéis shonraithe” uirthi san Acht. Is é is faisnéis shonraithe ann ná faisnéis seachas ciontú coiriúil arna chinneadh ag an gcúirt agus foráiltear leis an Acht nach nochtar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás go bhfuil sí mar chúis le himní bona fide go bhféadfadh duine díobháil a dhéanamh do leanaí nó do dhaoine soghonta.
- **Tarmligean fheidhmeanna an Aire chuig an Údarás Póilíneachta**
Shínigh an Tánaiste an tOrdú um Thosach Feidhme d’alt 17 d’Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015, i mí na Bealtaine 2016. Ba é an toradh a bhí ar an Ordú ná gur cuireadh ar chumas an Údaráis Phóilíneachta a fheidhmeanna reachtúla a ghlacadh i dtaca leis na baill foirne is sibhialtaigh den Gharda Síochána. Ó mhí na Bealtaine 2016 i leith, tá an tÚdarás freagrach as baill foirne is sibhialtaigh den Gharda Síochána a cheapadh chuig gráid atá coibhéiseach le grád an Ard-Cheannfoirt nó os a chionn.

- **An Cruinniú Mullaigh in aghaidh Éilliú, Londain**

D'fhreastail Frances Fitzgerald TD, an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar Chruinniú Mullaigh tábhachtach in aghaidh Éilliú an 12 Bealtaine 2016. Rinne David Cameron, Príomh-Aire na Breataine, óstáil ar an gCruinniú Mullaigh. Tháinig ceannairí domhanda agus ionadaithe don ghnó, don tsochaí sibhialta, d'fhorfheidhmiú an dlí, do choistí spóirt agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ó áiteanna ar fud an domhain le chéile ag an gCruinniú Mullaigh. Díríodh sa Chruinniú Mullaigh ar ghníomhaíocht idirnáisiúnta chun na príomhchuspóirí seo a leanas a chomhlíonadh: an t-éilliú a dhíspreagadh; deireadh a chur leis an tsaoirse do na daoine sin a dhéanann éilliú agus tacaíocht agus cumhacht a thabhairt dó na daoine sin atá thíos leis. Pléadh le raon leathan topaicí le linn an Chruinnithe Mullaigh. Áiríodh leo sin Úinéireacht Thairbhiúil, Soláthar Poiblí agus Trédhearcacht Fhioscach, Cáin, Spórt Idirnáisiúnta, Trédhearcacht i Margáí Tráchtearraí, Éilliú a Thuairisciú, Forfheidhmiú an Dlí, Gnóthú Sócmhainní, Ionracas a Chur Chun Cinn inár nInstitiúidí agus an Córas Idirnáisiúnta. I dteannta breis agus 40 stát a bhí i láthair ag an gCruinniú Mullaigh, thug Éire preaseisiúint maidir leis an gCruinniú Mullaigh chun críche. Leagadh gealltanais chomhchoiteanna amach inti, ar gealltanais iad a shaothróimid go léir sa chomhrac in aghaidh éilliú.

- **Plean Straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2016-2018**

Thar thréimhse feidhme an phlean straitéisigh 2016-2018, déanfaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann forbairt ar an dul chun cinn a rinneadh cheana féin faoin gclár don tréimhse 2013-2015 agus leanfaidh sí le timpeallacht níos fearr a thógáil trí fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar cheithre príomhghníomh: tacaíocht don fhoireann, tacaíocht do phríosúnaigh, íospartaigh agus feabhas a chur ar acmhainn na heagraíochta.

- **Scanadh Físe**

Cuireadh grúpaí trasghráid Físe arna dtreorú ag Príomhoifigigh ar bun chun dearcadh níos fadtéarmaí a ghlacadh i leith saincheisteanna tábhachtacha (10+ mbliana anonn). Chuir dhá ghrúpa tuarascálacha faoi bhráid Bhord Bainistíochta na Roinne agus leanfar le grúpobair bhreise Físe sa bhliain 2017.



Grúpaí Físe na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Iúil-Meán Fómhair

- [Straitéis Cumarsáide Nua](#)

Foilsíodh Straitéis Cumarsáide i mí Iúil 2016 agus lean an Roinn lena treoirphlean Cumarsáide, Faisnéise, Taifead agus Sonraí a chur chun feidhme trí thionscadail Pathfinder eJARC, eSubmissions agus Oursources a sholáthar agus trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar an Mol Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é aidhm na gcóras sin feabhas a chur ar an dóigh a mbainistítear faisnéis idirghníomhaireachta agus a dtaifeadtar cinntí beartais agus acmhainn faisnéise earnála a chur ar fáil.

- [An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016](#)

Leis an Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016, tugtar saoire atharthachta dhá sheachtain agus sochar atharthachta dhá sheachtain d'aithreacha ar rugadh a leanaí an 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh. Aithnítear leis an bpíosa suntasach reachtaíochta seo an ról ríthábhachtach a imríonn aithreacha i saol leanaí nuabheirthe agus i saol leanaí óga.

- [An tAcht um Fháltais ó Choireacht \(Leasú\), 2016](#)

Leis an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2016, neartaítear an chumhacht chun gníomhú in aghaidh airgead tirim agus maoine atá i seilbh coirpigh eagraithe. Níl sna dlíthe nua sin ach cuid amháin de phacáiste cuimsitheach beart an Rialtais chun an choireacht eagraithe a chomhrac.

- [An Bille um Cheartas Coiriúil \(Pianbhreitheanna Príosúnachta Fionraithe\), 2016](#)

Foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Pianbhreitheanna Príosúnachta Fionraithe), 2016, i mí Iúil 2016. Soiléirítear leis an mBille na nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le pianbhreith fhionraithe a ghníomhachtú i gcás go ndéanfaidh duine atá faoi réir na pianbhreithe fionraithe cion eile.

- [Bille chun cumhachtaí Choimisiún Imscrúdúcháin Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc a mhéadú](#)

Chuir an tUachtarán a lámh leis an Acht um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2016, i mí Iúil 2016. Leis an Acht, tugtar aghaidh ar roinnt nithe a tharraing Coimisiún Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc anuas, ar nithe iad a tháinig chun cinn le linn obair an Choimisiúin.

- [Conradh Ceamaraí Sábháilteachta](#)

Bronnadh conradh nua le haghaidh an gréasán ceamaraí sábháilteachta ar bhóithre na hÉireann a sholáthar agus a oibriú. Bronnadh an conradh ar Road Safety Operations Ireland, ag trádáil faoin ainm GoSafe, i mí Lúnasa tar éis comórtas soláthair phoiblí. Is é 6 bliana fad an chonartha nua agus tá an rogha ann síneadh 12 mhí a chur leis ina dhiaidh sin.

- [Dúbailt an Chistithe don Chlár Pobal ar Aire](#)

Tugtar an cistiú sin go díreach do ghrúpaí áitiúla chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don líon mór daoine ar fud na tíre a chláraigh mar bhaill de Ghrúpaí Foláireamh Téacs agus a d'íoc na táillí ina leith. Tá na grúpaí sin ag obair leis na Gardaí ina gceantar féin chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt dá bpobal.

- [Córas coinní ar líne in Oifig Inimirce Cé an Bhúrcaigh](#)

Seoladh Córas Bainistíochta Coinní le haghaidh clárúchán i mí Mheán Fómhair san Oifig Inimirce atá lonnaithe ag Cé an Bhúrcaigh i mBaile Átha Cliath. An Oifig sin, a dhéileálann le clárú na ndaoine nach náisiúnaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (náisiúnaigh neamh-LEE) a bhfuil cónaí orthu i gceantar Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath, aistríodh í ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chuig Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann i lár na bliana 2016. Cuireadh an córas nua in ionad na socruithe a bhí i bhfeidhm roimhe, áit ar ghnách le daoine ciúáil, rud a chruthaigh agaí fada feithimh in amanna.

- [Comhar Thuaidh-Theas – An Chomhdháil Trasteorann um Choireacht Eagraithe](#)

Cuireadh an Chomhdháil Trasteorann um Choireacht Eagraithe ar siúl i mí Mheán Fómhair 2016. Is comhdháil bhliantúil í lena dtugtar gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ó thuaidh agus ó dheas le chéile chun foghlaim ó na nithe a bhfuil ag éirí leo agus breithniú a dhéanamh ar na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn. Cuireadh ar siúl í i gcomhthráth le foilsiú na Straitéise Póilíneachta Trasteorann, rud a bhfuil mar aidhm leis feabhas breise a chur ar an gcomhar idir Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána agus an phóilíneacht trasteorann a neartú. Beidh sí ar an Straitéis Soláthair uileghabhálach le haghaidh obair an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta trasdlínse a cuireadh ar bun leis an gComhaontú dar teideal Tús Nua.

- [Cistiú um Imeascadh Imirceach agus Comhionannas Inscne](#)

I mí Mheán Fómhair 2016, d'oscail an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais glao le haghaidh babhta nua de chistiú deontais AE do thionscadail. Tá cistiú is fiú €13.3 milliún san iomlán thar thréimhse ceithre bliana á chur ar fáil do thionscadail um imeascadh imirceach agus comhionannas inscne. Leis an gcistiú sin, tacófar le gníomhartha inbhraite lena gcuirfear comhionannas chun cinn inár bpobal agus cuirfear ar chumas grúpaí leochaileacha leibhéil níos airde rannpháirtíochta agus imeasctha a bhaint amach.

- [An Chomhstraitéis maidir le Ciontóirí a Bhainistiú](#)

Seoladh an chéad Chomhstraitéis maidir le Ciontóirí a Bhainistiú i mí Mheán Fómhair. Leathnaíodh an tionscnamh comhghníomhaireachta chuig Dún Dealgan, Cathair Luimnigh agus Cathair Phort Láirge. Leis an gComhstraitéis, ar dhréachtaigh an tSeirbhís Phromhaidh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Garda Síochána í agus a dtugann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tacaíocht iomlán di, aithnítear go bhfuil sé riachtanach cur chuige comhpháirteach a ghlacadh i leith bainistíochta ciontóirí chun go gcosnófar an pobal agus go laghdófar an líon íospartach i sochaí na hÉireann. Leagtar amach sa Chomhstraitéis raon cuspóirí tábhachtacha comhaontaithe agus gníomhartha tacaíochta lena bhfeabhsófar bainistíocht ciontóirí. Déanfar dul chun cinn ar na cuspóirí agus na gníomhartha sin ar bhonn idirghníomhaireachta sa tréimhse 2016-2018. Féachtar go sonrath sa Chomhstraitéis ar bhainistiú ciontóirí ilghníomhacha, ciontóirí gnéis agus déantóirí foréigin bhaile agus cuirtear béim láidir inti ar chearta íospartaigh na coireachta agus ar bhealaí chun iad a chosaint.

Deireadh Fómhair-Nollaig:

- **Abhaile: Seirbhís Réitigh Riaráiste Morgáiste náisiúnta**

I mí Dheireadh Fómhair 2016, seoladh Abhaile, seirbhís nuálach réitigh riaráiste morgáiste. Cuireann an tseirbhís sainchomhairle agus saintacaíocht neamhspleách ar fáil saor in aisce maidir le ceisteanna airgeadais agus dlí. Is é an príomhchuspóir atá aici cabhrú le daoine fanacht ina dteach nuair is féidir. Is féidir le cliant incháilithe sainchomhairle a fháil ó chomhairleoirí airgeadais agus dlí ionas gur féidir leo a bhfadhbanna fiachais a réiteach. Chomh maith leis sin, is féidir leo cúnaimh a fháil sa chúirt nuair is gá, rochtain a fháil ar aturnaetha agus cabhair a fháil chun cúnaimh dlíthiúil a ghnóthú. Is féidir leo comhairle airgeadais a fháil ó chomhairleoir tiomnaithe Riaráiste Morgáiste, ó Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta agus ó chuntasóir freisin.

- **Fadú Chlár Tarscaoilte Viosa Gearrfhanachta na hÉireann**

Leis an gClár seo, a tosaíodh i mí Iúil 2011, déantar soláthar d'aitheantas ag Éirinn do víosaí áirithe gearrfhanachta arna n-eisiúint ag údaráis Inimisce na Ríochta Aontaithe chun críocha taisteal ar aghaidh chuig Éirinn. Is é an toradh atá air go neartaítear go mór na hiarrachtaí a dhéantar níos mó cuairteoirí a mhealladh chun na hÉireann. Tá an scéim ag rannchuidiú le méaduithe leanúnacha ó bhliain go bliain sa turasóireacht agus fadaíodh í go ceann cúig bliana sa bhreis i mí Dheireadh Fómhair 2016.

- **An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac**

Leis an bPlean seo, déantar forbairt ar an gcreat a bunaíodh faoin gcéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta a seoladh sa bhliain 2008 chun freagairt do choireacht idirnáisiúnta a bhí ag éirí níos eagraithe agus níos sofaisticiúla. Measann comhlachtaí idirnáisiúnta go bhfuil gáinneáil ar dhaoine ar an tríú gníomh is mó brabúsacht do dhronga coireachta idirnáisiúnta. Níl ach gáinneáil ar airm agus gáinneáil ar dhruaí níos brabúsaí dóibh. Tá 65 ghníomh ar áireamh sa phlean, a bhfuil mar aidhm leo cur crua ar na daoine aonair agus ar na dronga atá ag glacadh páirt sa choir, tacú le híospartaigh, feasacht an phobail a mhéadú agus feabhas a chur ar oiliúint do na daoine sin ar dóigh dóibh teacht ar íospartaigh.

- **Feachtas Náisiúnta Feasachta ar Fhoréigean Baile agus Gnéasach**

Tar éis próiseas dian tairisceana ar reáchtáil an tAontas Eorpach é, bronnadh conarthaí i mí Mheán Fómhair 2016 le haghaidh feachtas náisiúnta feasachta mar chuid den Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021. I mí na Samhna, seoladh an feachtas 'What would you do?' (dá bhfeicfeá foréigean baile). Leithdháileadh cistiú ab fhiú €950,000 don bhliain 2016 ar an bhfeachtas sin. Bronnadh cistiú €200,000 faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin freisin chun an feachtas a logánú sna blianta 2016 agus 2017. Is é aidhm an fheachtais feasacht a mhéadú ar fhoréigean baile agus gnéasach chun athrú a bhaint amach in iompraíochtaí agus i ndearcthaí fadbhunaithe agus seallaigh a ghníomhachtú chun an cineál sin foréigin a laghdú agus a chosc.

- **Seoladh Thionscadal Staire Lucht Siúil Iarthar na hÉireann**

Is chun tacú le daoine den Lucht Siúil a bhfuil fonn orthu béaloideas agus stair an Lucht Siúil a bhailiú agus a chartlannú atá an Tionscadal Staire Lucht Siúil ann. Aithnítear sa tionscadal cé chomh dofheicthe atá an Lucht Siúil i stair na hÉireann agus an tionchar atá ag an dofheictheacht sin ar a bhféinmheas. Sheol an tAire Stáit David Stanton TD an tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2016.

- [An Tuarascáil ón Údarás Póilíneachta ar Bheartas an Gharda Síochána um Nochtadh Cosanta](#)

Tar éis thuarascáil Choimisiún Imscrúdúcháin O’Higgins a fháil, d’iarr Frances Fitzgerald TD, an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar an Údarás Póilíneachta athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta atá i bhfeidhm ag an nGarda Síochána. Foilsíodh an tuarascáil iarmhartach i mí na Samhna 2016. Rinneadh roinnt moltaí san athbhreithniú agus chuir an Garda Síochána an-chuid díobh i bhfeidhm lom láithreach. Cuireadh bearta leantacha i bhfeidhm chun a chinntiú go dtabharfaí aghaidh ar aon saincheisteanna neamhréitithe. D’iarr an tÚdarás ar an nGarda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Bheartais i bhfianaise na tuarascála.

- [An Seimineár Trasteorann um Chosaint an Phobail](#)

Ag Seimineár Trasteorann bliantúil an Ghrúpa Chomhairligh um Chosaint an Phobail, rud a cuireadh ar siúl i gCeanncheathrú na Seirbhíse Promhaidh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2016, labhair ionadaithe ó na seirbhísí promhaidh, ó na seirbhísí póilíneachta agus ó na seirbhísí príosúin ó thuaidh agus ó dheas faoi na tionscadail atá á bhforbairt chun cosaint an phobail a fheabhsú. Ba é “Obair Chomhpháirtíochta i gCosaint an Phobail – Bunréitigh chun Feabhais” an téama don seimineár sa bhliain 2016. Bhí an t-imeacht ina dheis do bhaill foirne atá ag obair i gcosaint an phobail feabhas a chur ar chomhar agus foghlaim a chomhroinnt le comhpháirtithe ceartais choiriúil.

- [Breith ón gCúirt Oibreachais maidir le Pá an Gharda Síochána](#)

Tar éis di dul i mbun idirbheartaíocht dhian le Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána agus le Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána, agus le cabhair ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, d’eisigh an Chúirt Oibreachais moladh i mí na Samhna. Bhí an moladh dírithe ar theacht ar réiteach san aighneas i dtaca le pá agus coinníollacha na gcomhaltaí agus leis an rochtain atá acu ar na comhlachtaí reachtúla réitigh aighnis. Mar thoradh ar an moladh ón gCúirt Oibreachais, d’aontaigh Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána agus Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána go gcuirfí siar an ghníomhaíocht thionsclaíoch a bhí le déanamh thar na ceithre Aoine i mí na Samhna chun ligean dóibh ballóid a reáchtáil i measc a gcomhaltaí. I mí na Nollag, vótáil Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána agus Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána i bhfabhar an mholta ón gCúirt Oibreachais. Ag tabhairt aird iomlán dó ar an mbreith ón gCúirt Oibreachais mar chomhlacht neamhspleách caidrimh thionsclaíoch rogha deiridh sa Stát, d’aontaigh an Rialtas freisin le glacadh leis an moladh ón gCúirt.

- [Seoladh an Aonaid Tacaíochta faoi Airm nua de chuid an Gharda Síochána do cheantar Bhaile Átha Cliath](#)

Fógraíodh pleananna don Aonad Tacaíochta faoi Airm tar éis sraith bhrúidiúil dúnmharuithe atá bainteach le dronga. Mar thoradh ar an achran idir dronga coiriúla, bhain an Garda Síochána úsáid as acmhainní éigeandála chun an foréigean a mhaolú agus na pobail sa bhaol is mó a chosaint. Tá an tAonad Tacaíochta faoi Airm i mbun oibre 24 huair sa lá, 7 lá sa tseachtain, ó mhí na Nollag 2016 i leith.

- [An Lá Náisiúnta Daoine ar Iarraidh](#)

Comóradh an Lá Náisiúnta Daoine ar Iarraidh leis an searmanas bliantúil do dhaoine muinteartha agus do chairde le daoine ar iarraidh, rud a cuireadh ar siúl i dTeach Farmleigh i mí na Nollag 2016. Is é atá sa Lá Náisiúnta Daoine ar Iarraidh ná deis a thabhairt feasacht an phobail a mhéadú ar an líon daoine a théann ar iarraidh in Éirinn gach bliain. Leis an Lá, comóirtear na daoine sin a tuairiscíodh a bheith ar iarraidh agus aithnítear fulaingt leanúnach na ndaoine muinteartha agus na gcairde leo. Ina theannta sin, méadaítear leis feasacht an phobail ar chásanna daoine ar iarraidh atá ar oscailt nó neamhréitithe agus soláthraítear ardán leis chun aird a tharraingt ar na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do dhaoine a bhfuil duine muinteartha nó cara leo ar iarraidh.

3 - DUL CHUN CINN AR AN RÁITEAS STRAITÉISE 2015-2017

3.1 - Clár Athruithe Bunúsacha Leanúnacha Eagrúcháin a Chur i bhFeidhm

AN DUL CHUN CINN A RINNEADH SA RÉIMSE SEO LE LINN NA BLIANA 2016:

An Clár Athruithe a chur chun feidhme

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2016 ar Chlár Athruithe na Roinne a chur chun feidhme.

- **An Chéad Chomhdháil Bhliantúil de chuid na hEarnála Dí agus Cirt agus Comhionannais**
Thionóil an Roinn an chéad chomhdháil bhliantúil dá cuid don earnáil Dí agus Cirt agus Comhionannais i bPáirc an Chrócaigh an 15 Eanáir 2016. Tháinig 180 oifigeach sinsearach ón Roinn ar fad agus ón 30 gníomhaireacht a thagann faoina coimirce le chéile agus soláthraíodh meascán de láithreoirachtaí agus de cheardlanna lena linn. Ba é téama na comhdhála ná 'Dí agus Ceart agus Comhionannas a Sholáthar trí Bheartas agus Cur Chun Feidhme Comhtháite'.



- **Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí**
Comhaontaíodh bearta soláthair athchóirithe chomhtháite leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuirtear ar áireamh iad sa OnePlan agus is tríd an bplean sin a dhéantar faireachán orthu. Rinneadh dea-dhul chun cinn ar an tionscadal comhphárteach le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais a bhfuil mar aidhm leis córais bhunriachtanacha a fhorbairt. Rinneadh an córas eSubmissions do pháipéir an Aire agus an Ard-Rúnaí agus do bheartais ghaolmhara a chur i bhfeidhm. Baintear úsáid as anois le haghaidh gach doiciméid a sheoltar chuig an Ard-Rúnaí agus chuig an Aire. De bhreis air sin, triailleadh córas nua ar a dtugtar eJARC chun tacú le clár na Freagartha Comhghníomhaireachta i leith na Coireachta. Measann na foirne comhghníomhaireachta atá ag cur an chórais treorach chun feidhme go bhfuil sé ina fhorbairt fhíorthairbhiúil agus ina thaca bunriachtanach maidir le leathnú a dhéanamh ar an gcur chuige comhoibríoch fíor-rathúil atá á ghlacadh i leith déileáil le ciontóirí ilghníomhacha.

- [Próisis phleanála gnó agus bhainistíochta riosca a athbhreithniú, Ráiteas Straitéise nua \(2016-2019\) a fhorbairt i gcomhairle le geallsealbhóirí agus Plean bliantúil cur chun feidhme a fhorbairt ina leagtar príomhthosaíochtaí amach. Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ar bhonn leanúnach.](#)

Rinne an Roinn athbhreithniú criticiúil ar a próisis phleanála gnó agus bhainistíochta riosca chun a dhéanamh amach an gcomhlíonann siad riachtanais na heagraíochta go leordhóthanach nó nach gcomhlíonann. Rinne an Coiste Riosca maoirseacht leanúnach ar na próisis le linn na bliana.

Tar éis chruthú an Rialtais nua, d'fhormheas an Rialtas Ráiteas Straitéise nua i mí na Nollag 2016 lena gclúdófaí an tréimhse idir 2016 agus 2019. Leagadh faoi bhráid an Oireachtais é go luath sa bhliain 2017. Foilsíodh an OnePlan, ar plean aontaithe cur chun feidhme é lena gcumhdaítear gach ceann de phríomhchuspóirí straitéiseacha na Roinne. I mí Aibreáin 2016, cuireadh córas gaolmhar nua bainistíochta clár i bhfeidhm chun tacú leis an maoirseacht a dhéanann an Bord Bainistíochta ar a chlár straitéiseacha agus le plé dírithe ar phríomh-shaincheistean straitéiseacha.

- [Plean Soláthair Athchóirithe Chomhtháite a fhorbairt don bhliain 2016 lena dtugtar le chéile na mór-athchóirithe atá ar bun ar fud na hearnála dlí agus cirt agus comhionannais agus faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme](#)

Forbraíodh Plean Soláthair Athchóirithe Chomhtháite don bhliain 2016. Cumhdaítear ann mórthionscadail earnála agus trasearnála athchóirithe, nithe a cuireadh ar áireamh sa OnePlan de chuid na Roinne.

- [Struchtúir nua a fhorbairt le haghaidh teagmháil le gníomhaireachtaí - an Coiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil agus an Líonra Gníomhaireachtaí Sibhialta](#)

Tháinig an Coiste Straitéiseach Ceartais Choiriúil le chéile trí huair le linn na bliana 2016. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí agus tá sé comhdhéanta de na Cinn ar na comhlachtaí Ceartais Choiriúil uile. Is iad foghrúpaí tiomnaithe éagsúla a chuireann a Chlár Oibre bliantúil chun feidhme. Tá na foghrúpaí sin comhdhéanta d'oifigigh ón earnáil ceartais choiriúil. Bhí naoi bhfoghrúpa i mbun oibre sa bhliain 2016. Chuir ceithre cinn de na grúpaí sin tuarascálacha substainteacha faoi bhráid an Choiste Straitéisigh. Bhí tograí maidir leis na nithe seo i gceist leis na tuarascálacha sin: clár ceannaireachta don earnáil; feabhsuithe ar na scéimeanna reatha le haghaidh roghanna eile ar ionchúiseamh; taighde náisiúnta ar an ógchoireacht thromchúiseach; agus mol lárnach a fhorbairt le haghaidh uathmhalartú sonraí ar fud na hearnála. Mar thoradh ar na tuarascálacha sin, d'fhormheas an Coiste Straitéiseach roinnt mórthionscnaimh idirghníomhaireachta. Tá méideanna difriúla dul chun cinn déanta orthu go dtí seo.

Líonra ceannaireachta a chuimsíonn na comhlachtaí is éagsúla san earnáil is ea an Líonra Gníomhaireachtaí Sibhialta. Is é an aidhm atá leis fóraim straitéiseacha a chur ar fáil le haghaidh feidhmíocht agus torthaí a fheabhsú agus comhar a chur chun cinn maidir le fadhbanna a réiteach, feabhas a chur ar éifeachtacht agus foghrúpaí a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail leathana. Tháinig an Líonra le chéile dhá uair sa bhliain 2016: uair amháin i mí Mheán Fómhair agus uair amháin i mí na Nollag.

Chuir an Bord Bainistíochta an Foghrúpa um Maoirseacht ar Rialachas Gníomhaireachtaí ar bun i mí an Mhárta 2016 chun an próiseas Forbhreathnaithe Bhliantúil ar Gníomhaireachtaí a dhéanamh do Chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne atá faoi réir an Chaighdeáin Rialachais Chorpáraidigh do Chomhlachtaí Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Sa bhliain 2016, reáchtáil an Foghrúpa sin de chuid an Bhoird Bhainistíochta sé chruinniú a bhain leis na Comhlachtaí/Gníomhaireachtaí sin.

- **Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann**

Le linn na bliana 2016, cuireadh craobh de Sheirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann ar bun sa Roinn. Is é cuspóir an aonaid sin cabhrú le húsáid a bhaint ar fud na Roinne as anailís bheartais atá bunaithe ar shonraí. Ceann amháin de na príomhthionscadail ar thug an t-aonad fúthu sa bhliain ba ea samhail a chruthú de chóras ceartais choiriúil na hÉireann. Níl ach beagán forbartha déanta ar an tsamhail sin go dtí seo. Mar sin féin, tugtar léargas léi ar na dóigheanna difriúla a dtéann coireanna difriúla i bhfeidhm ar na gníomhaireachtaí difriúla ceartais choiriúil.


- **Cumarsáid a neartú laistigh den Roinn agus lasmuigh di**

Mar atá luaite ar leathanach 12, sheol an Roinn a Straitéis Cumarsáide 2016-2018.

Ar na príomhchuspóirí atá aici tá obair ár nAirí agus na Roinne a chur in iúl ar bhealach níos éifeachtaí dár ngeallsealbhóirí, do na meáin agus don phobal. Cuid dhílis de chuspóirí na Cairte Cultúir a chomhlíonadh a bheidh i gcloí le luachanna na Cairte Cultúir inár gcuid oibre. Cuirfear ar ár gcumas leis an Straitéis go háirithe ár gcuspóir a chomhlíonadh maidir le cultúr a chruthú atá níos gafa agus oscailte agus ina n-éistear le daoine. Tabharfar tuairisc thréimhsiúil don Bhord ar chur chun feidhme na Straitéise.

- **Dul i gcomhairle i dtaobh samhail cultúir nua agus í a fhorbairt**

Seoladh Cairt maidir le Cultúr agus Luachanna don eagraíocht i mí Feabhra 2016. D'eascair an Chairt as sraith seisiún plé chuimsithigh le baill foirne agus le geallsealbhóirí ar fud na seirbhíse poiblí agus na sochaí sibhialta. Bhí Suirbhé na Roinne ar Rannpháirtíocht Fostaithe ar cheann de na gnéithe tábhachtacha den Chairt. Ag teacht sna sála air sin, eagraíodh sraith fócasghrúpaí a chuimsigh gach réimse agus gach grád san eagraíocht. Tháinig téarmaí coiteanna as an obair sin, rud a chabhraigh le croíluachanna a shainnithint a bheidh mar bhonn agus thaca ag cultúr na heagraíochta sa todhchaí. Cuireadh Foireann Athruithe ar bun i mí an Mheithimh 2016. Is é aidhm na Foirne sin obair le chéile ar son athrú sa chultúr a bhaint amach agus ár gcultúr agus ár luachanna a chur chun cinn ar fud na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí. Déanann an Fhoireann ionadaíocht do réimsí difriúla den eagraíocht. Tá sí comhdhéanta d'ionadaithe ó na gráid ar fad.



- [Plean gnó corparáideach bliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach tosaíochtaí soiléire agus cuspóirí soiléire](#)

Is é is an OnePlan2016 ann ná an chéad phlean gnó corparáideach bliantúil comhtháite de chuid na Roinne. Rud atá mar bhonn agus thaca ag an bplean is ea córas nua bainistíochta clár ar a dtugtar an Córas Tuairiscithe OnePlan. Cuireadh an córas i bhfeidhm i mí Aibreáin 2016. Leis an gcóras, tugtar tuarascáil mhíosúil lena gcabhraítear leis an mBord Bainistíochta forbhreach a dhéanamh ar a chlár straitéiseach ar fad. Éascaítear plé ar phríomh-shaincheisteanna straitéiseacha leis freisin. Chomh maith leis sin, is féidir an córas a úsáid chun tuarascálacha leathbhliantúla agus tuarascálacha bliantúla a tháirgeadh.

- [Clár oiliúna a thabhairt isteach le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach](#)

Mar chuid den Chlár Athruithe, comhtháthaíodh Cultúr agus Luachanna na Roinne isteach i ngach tionscnamh Foghlama agus Forbartha d'fhonn feabhas a chur ar acmhainn na heagraíochta teagmháil níos éifeachtaí a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí seachtracha. Áiríodh leis na tionscnaimh sin clár ionductúcháin d'iontrálaithe nua agus clár ceardlann don Bhord Bainistíochta.

- [Forbairt a dhéanamh ar cheannaireacht laistigh den eagraíocht as a dtiocfaidh athruithe lasmuigh den eagraíocht](#)

Sainíodh fíis, cuspóir agus freagrachtaí an Bhoird Bhainistíochta ina théarmaí tagartha. Tagann an Bord le chéile gach seachtain chun saincheisteanna reatha/éiritheacha a phlé agus tagann sé le chéile gach mí le haghaidh plé straitéiseach. Cuireadh 45 chruinniú de chuid an Bhoird Bhainistíochta ar siúl sa bhliain 2016.

Sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Taoiseach Plean Athnuachana na Státseirbhíse i mí Dheireadh Fómhair 2014. Bunaithe ar cheannaireacht agus rannpháirteachas leis an bhfoireann a fhorbairt, leagtar amach sa Phlean 25 ghníomh phraiticiúla a bhfuil mar aidhm leo Státseirbhíse atá níos aontaithe, níos gairmiúla, níos freagrúla, níos oscailte agus níos cuntasáí a chruthú d'fhonn seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Is comhalta de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse é Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá freagracht chomhchoiteann ar an mBord sin as an bPlean a chur chun feidhme ar fud na Státseirbhíse. Tháinig Bord Bainistíochta na Státseirbhíse le chéile gach mí sa bhliain. Le linn na bliana 2016, forbraíodh samhail chomhroinnte nua foghlama agus forbartha, rud lena cuireadh córas nua simplithe rátála i bhfeidhm le haghaidh forbairt bainistíochta feidhmíochta. Anuas air sin, forbraíodh treoirscéim soghluaisteachta do bhaill foirne chuig leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin agus forbraíodh scéim soghluaisteachta nua do phríomhoifigigh. Ina theannta sin, forbraíodh cur chuige bainistíochta tallainne d'Ard-Rúnaithe. Cuireadh próiseas feabhsaithe athbhreithnithe feidhmíochta do Rúnaithe Cúnta agus don Leas-Rúnaí chun feidhme laistigh den Roinn le linn na bliana freisin. Tá próiseas athbhreithnithe feidhmíochta i bhfeidhm freisin maidir le hArd-Rúnaithe.

- **Nochtadh Cosanta**

Cuireadh beartas na Roinne um Nochtadh Cosanta le chéile ar bhealach lena dtabharfaí cabhair agus spreagadh do gach oibrí ábhair dhílse inní a tharraingt anuas go himmheánach faoi éagóir fhéideartha san áit oibre chun go bhféadfaí na hábhair inní sin a imscrúdú ar bhealach atá oiriúnach d'imthosca an cháis. Is é an Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí atá freagrach as imscrúdú ar nochtadh a eagrú faoin mbeartas. Ba i mí Lúnasa 2016 a foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil ar an nochtadh cosanta a fuarthas sa bhliain 2015.

Sa bhliain 2016, fuair an Roinn/an tAire deich dtuarascáil a d'airbheartaigh a bheith ina Nochtadh Cosanta nó a raibh saintréithe de Nochtadh Cosanta acu. Díobh sin, níor bhain 7 gcinn leis an Roinn ná le Comhlacht ná Gníomhaireacht ar bith faoi shainchúram an Aire. De na trí cinn eile, measadh dhá cheann gan a bheith ina Nochtadh Cosanta tar éis measúnú a dhéanamh. Meastar gur Nochtadh Cosanta é an comhfhreagras deiridh.

Tábla 1 - Achoimre ar Nochtadh a Fuarthas sa Bhliain 2016

Stádas i ndáil leis an Nochtadh	An Líon	An Líon ar Seasadh Leis
Comhfhreagras a d'airbheartaigh a bheith ina Nochtadh Cosanta a Fuarthas sa Bhliain 2016	10	
Neamhbhainteach leis an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais	7	
Dúnta	2	0
Ar siúl	1*	

Moltaí a rinneadh i dtaca le nochtadh a fuarthas sa bhliain 2016

Beag beann ar an toradh ar an measúnú nó imscrúdú a dhéantar ar nochtadh cosanta, is féidir go leagfar béim sa phróiseas ar shaincheist inní nó comhlíonta agus, dá bharr sin, is féidir gur cuí go ndéanfar moladh iniúchta. Ní dheanadh aon mholtaí den sórt sin sa bhliain 2016.

3.2 - Ceannaireacht maidir leis an mBeartas Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus maidir leis an mBeartas sin a Chur i gCrích, agus Formhaoirseacht ar an Méid Sin

Cuireann an Roinn ceannaireacht agus treoir straitéiseach ar fáil faoi nithe a bhaineann le Dlí agus Ceart agus Comhionannas. Féachann sí le rialachas corparáideach éifeachtach a chinntiú san earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus lena chinntiú gur go héifeachtach laistigh de na hacmhainní atá ar fáil a sholáthraítear seirbhísí Dlí agus Cirt agus Comhionannais don phobal.

AN DUL CHUN CINN A RINNEADH SA RÉIMSE SEO LE LINN NA BLIANA 2016

Treoir a shainiú trí chomhairliúchán, trí chomhoibriú agus trí chumarsáid leis na Gníomhaireachtaí go léir. Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn trí thuairisc a thabhairt ar na heochairmhéadrachtaí.

Tar éis chruthú an Rialtais, d'fhorhmeas an Rialtas Ráiteas Straitéise 2016-2019 ón Roinn i mí na Nollag 2016. Foilsíodh é go luath sa bhliain 2017. Leis an gcóras OnePlan a cuireadh i bhfeidhm i mí Aibreáin 2016, tacaítear le faireachán ar dhul chun cinn ar gach ceann de chláir straitéiseacha na Roinne, lena n-áirítear príomhchuspóirí Gníomhaireachta. Déanann an Foghrúpa um Maoirseacht ar Rialachas Gníomhaireachtaí an próiseas Forbhreathnaithe Bhliantúil ar Gníomhaireachtaí do Chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne.

Cineálacha cur chuige atá dírithe ar an gcustaiméir maidir le soláthar seirbhísí

An Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí, rud lena neartaítear na luachanna ar thiomnaíomar dóibh inár gCairt Cultúir agus inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2016-18, seoladh í i mí Aibreáin 2016 agus is é an aidhm atá léi an caighdeán seirbhíse agus iompraíochta ba cheart a bheith mar bhonn agus thaca ag ár gcaidreamh le custaiméirí a leagan amach.

Rannpháirteachas le comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Déanann an Roinn gach ceann de na comhlachtaí faoina coimirce a choinneáil cuntasach thar ceann an Aire. Áirítear leis an obair sin buiséid na gcomhlachtaí a mheas i gcomparáid leo sin atá leagtha síos ag an Aire, a gcuid pleananna a mheas (lena n-áirítear ráitis straitéise, pleananna corparáideacha, príomhríoscaí) agus faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht maidir le cuspóirí agus spriocanna (spriocanna airgeadais san áireamh) a bhaint amach.

Tá socruithe struchtúrtha i bhfeidhm idir an Roinn agus a Gníomhaireachtaí chun cuntasacht fheabhsaithe a chinntiú agus feidhmíocht agus ailíniú níos fearr a bhrú chun cinn ar fud na hearnála. Tá Comhaontuithe Bliantúla Soláthair Feidhmíochta nó Creataí Rialachais Gníomhaireachta i bhfeidhm maidir le gach Gníomhaireacht Reachtúil. Cuirtear cruinnithe foirmiúla rialachais ar siúl dhá uair ar a laghad sa bhliain idir an ball den Bhord Bainistíochta ar a bhfuil freagracht as an nGníomhaireacht lena mbaineann agus ceann iomchuí gach Gníomhaireachta ar leith. Tá liosta de na comhlachtaí san earnáil Dlí agus Cirt ar fáil in Aguisín 1.

3.3 - Éire Shlán Shábháilte

AN DUL CHUN CINN A RINNEADH SA RÉIMSE SEO LE LINN NA BLIANA 2016

Infheistíocht sa Phóilíneacht

- **Earcaíocht**
Seoladh feachtas earcaíochta nua i mí Mheán Fómhair 2016. Leis an bhfeachtas nua seo, leantar leis an earcaíocht luathaithe atá ar bun chun comhlíonadh a dhéanamh ar ghealltanas an Rialtais go méadófaí líon foirne an Gharda Síochána chuig 15,000 comhalta. Sa bhliain 2016, chuaigh 652 earcach isteach sa choláiste oiliúna ar an Teampall Mór agus dearbhaíodh 390 earcach eile ón gcoláiste. I mí Dheireadh Fómhair, fógraíodh cistiú chun go mbeifí in ann 800 earcach Garda nua agus 500 ball foirne is sibhialtaigh a earcú sa bhliain 2017.



Acmhainní soláthar foirne an Gharda Síochána

- **Folúntais thábhachtacha a líonadh**

Rinne an Rialtas roinnt ceapachán sa bhliain ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus dúiche. Ceapadh 5 Coimisinéirí Cúnta, 13 Ard-Cheannfort agus 25 Cheannfort.

Tá an Rialtas tiomanta dá chinntiú nach bhfuil aon mhoill mhíchuí ann ar fholúntais thábhachtacha sa Gharda Síochána a líonadh agus go bhfuil foireann ceannaireachta ag an nGarda Síochána atá in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thromchúiseacha a ndéileálann sé leo gach lá chun dlí agus ord a choimeád ar bun. Ón mbliain 2017 i leith, is é an tÚdarás Póilíneachta a bheidh freagrach as daoine a cheapadh chuig céim an Cheannfoirt nó os a cionn.



An tAire Charles Flanagan TD agus Dónall Ó Cualáin, Coimisinéir Gníomhach an Gharda Síochána, ag searmanas cáilithe de chuid an Gharda Síochána ar an Teampall Mór

- **Méadú ar Chistiú don Gharda Síochána**

Cuireadh cistiú breise ab fhiú €55m ar fáil chun an fhreagairt riachtanach póilíneachta do ghníomhaíochtaí coiriúla sonracha a choinneáil ar bun, lena n-áirítear póilíneacht chomhdhírthe a spriocdhírionn ar choireacht atá bainteach le dronga, dian-spriocdhíríú straitéiseach leantach ar bhuirgléireachtaí agus ar choireacht ghaolmhar agus tacaíocht leantach do bhearta in aghaidh na sceimhlitheoireachta.

- **Méadú ar chistiú don Chlár Pobal ar Aire mar aon le lacáiste do Scéim Foláireamh Téacs an Gharda Síochána**

Méadaíodh an cistiú don Chlár Pobal ar Aire faoi níos mó ná a dhá oiread ó €152,000 go €352,000 agus cuimsíonn sé anois scéim nua €100,000 lena dtugtar lacáistí do ghrúpaí áitiúla atá cláraithe faoi Scéim Foláireamh Téacs an Gharda Síochána. Tionscnamh tábhachtach is ea Scéim Foláireamh Téacs an Gharda Síochána mar go dtugtar deis léi do Ghardaí teachtaireachtaí tábhachtacha faoi chosc na coireachta a chur ar fáil do phobail áitiúla. Riarann Muintir na Tíre an Clár Pobal ar Aire i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána. Tá breis agus 1,400 Grúpa Pobal ar Aire ann sa tír.

A chinntiú go bhfuil beartas coireachta comhtháite agus creataí reachtacha i bhfeidhm, ar nithe iad a ndéantar athbhreithniú rialta orthu agus lena dtugtar tús áite do na hathchóirithe criticiúla is gá

- **Tugadh tacaíocht do chomhordú ar thionscnamh an Aire i dtaca le coireacht buirgléireachta: leanúint le hOibríocht Thor**

Tháinig an tAcht um Cheartas Coiriúil (Buirgléireacht ar Theaghaisí), 2015, i bhfeidhm i mí Eanáir 2016. Leis an Acht, tugtar leibhéal breise tábhachtach tacaíochta don Gharda Síochána agus é ag cur Oibríocht Thor chun feidhme, rud a thosaigh i mí na Samhna 2015. Léirítear i bhfigiúirí a d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh sa bhliain 2016 go raibh laghdú 31% ann sa líon buirgléireachtaí a bhí ann sa chéad leath den bhliain i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Is féidir a fheiceáil sa mhiondealú de réir réigiúin ar na figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil Oibríocht Thor ag dul chun tairbhe do phobail fud fad na tíre.



- [An chéad bhliain iomlán atá bunachar sonraí DNA nua na hÉireann i bhfeidhm.](#)

Is é Fondúireacht Eolaíochta Éireann atá freagrach as an mBunachar Sonraí DNA, rud atá á líonadh le próifílí neamhaitheanta DNA ó láithreacha coireanna. Trí úsáid a bhaint as an mBunachar Sonraí, soláthraítear faisnéis don Gharda Síochána faoi naisc idir daoine agus coireanna neamhréitithe. Tá sé ag cur athrú ó bhun ar imscrúdú na coireachta sa Stát seo. Is féidir é a úsáid in ionad na modhanna imscrúdaithe níos traidisiúnta agus níos am-ídití a n-úsáideann póilíní iad agus is féidir leis díriú níos láidre a chur ar fáil in imscrúdú coiriúil. Sa bhliain 2016 amháin, cuireadh breis agus 9,000 próifíl ó dhaoine leis an mbunachar sonraí agus éascaíodh thart ar 520 cás le hoibriú an bhunachair shonraí go dtí seo. Sainathnódh 428 n-amas leis an mbunachar sonraí DNA sa bhliain 2016, rud a thug cabhair dhíreach do 625 chás.

- [An Córas Próiseála Muirear Seasta](#)

Tá an Coiste Ceartais Choiriúil (An Córas Próiseála Muirear Seasta) ag leanúint le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh sa Tuarascáil ón gCigireacht. Cuireadh an-chuid de na moltaí sin chun feidhme go dtí seo. Foilsíodh an chéad tuarascáil bhliantúil ón Údarás Maoirseachta Neamhspleách do Chóras Próiseála Muirear Seasta an Gharda Síochána i mí Eanáir 2016. Sa tuarascáil uaidh, thuairiscigh an tÚdarás Maoirseachta go bhfuil sé sásta gur comhlíonadh go mór an beartas athbheithnithe maidir leis an gCóras Próiseála Muirear Seasta.

[Cineálacha cur chuige chomhpháirtíochta trasearnála agus idirghníomhaireachta a fhorbairt i leith cosc a chur ar choireacht agus ar an díobháil a dhéanann sí.](#)

- [An Fhreagairt Chomhghníomhaireachta i leith na Coireachta \(J-ARC\) - straitéis idirghníomhaireachta](#)

Is é is an Fhreagairt Chomhghníomhaireachta i leith na Coireachta ann ná comhstraitéis idir an Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann a bhfuil mar aidhm léi cur chuige ilghníomhaireachta a chur chun feidhme maidir le bainistiú na coireachta, díriú a leagan ar chiontóirí ilghníomhacha áirithe agus tionscnaimh shonracha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar a n-íompraíocht agus coireacht a laghdú, rud a mhéadódh sábháilteacht an phobail. Leathnaíodh an Straitéis chuig trí láthair bhreise sa bhliain 2016: Dún Dealgan, Cathair Luimnigh agus Cathair Phort Láirge.

Faoin bhFreagairt Chomhghníomhaireachta i leith na Coireachta, seoladh an Chomhstraitéis maidir le Ciontóirí a Bhainistiú 2016-2018. Leagtar amach inti raon gealltanais agus gníomhartha a gcuirfidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tSeirbhís Phromhaidh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Garda Síochána iad i gcrích. Aithnítear sa Straitéis go mbaineann ríthábhacht le cur chuige comhpháirteach i leith ár gcuid oibre agus is é an aidhm atá léi forbairt a dhéanamh ar fhreagairtí ilghníomhaireachta reatha do na daoine sin a chiontaítear agus a ngearrtar pianbhreith orthu inár gcúirteanna.

- [An Chomhstraitéis idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh](#)

Foilsíodh Staidéir Atitimeachais do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus don tSeirbhís Phromhaidh i mí na Samhna 2016. Pléadh iontu leis an gchóirt ciontóirí sa bhliain 2010 agus léiríodh iontu ráta atitimeachais nó athchiontaithe an chohóirt sin laistigh de thréimhse 3 bliana.

Maidir leis na catagóirí ciontóirí a chumhdaítear le staidéar na Seirbhíse Promhaidh, ghearr na Cúirteanna pionóis orthu roimh ré, amhail Ordú Promhaidh nó Ordú Seirbhíse Pobail. Léirítear sna torthaí gurb amhlaidh, maidir le 63% de chiontóirí ar ghearr na Cúirteanna ceann amháin de na pionóis mhalartacha sin orthu sa bhliain 2010, nár athchiontaigh siad laistigh de 3 bliana.

Sa Staidéar a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar an gchórt ciontóirí a scaoileadh ó choimeád sa bhliain 2010, léirítear an ráta atitimeachais nó athchiontaithe laistigh de thréimhse 3 bliana don chórt sin. Ba é 45.1% an ráta atitimeachais nó athchiontaithe laistigh de 3 bliana do phríosúnaigh a scaoileadh sa bhliain 2010. B'ionann é sin agus laghdú 2.4% ón bhfigiúr don bhliain roimhe.

Tá obair á déanamh ar staidéar taighde dar teideal "An In-Depth Examination into Irish Prison Committals 2010-2016". Áirítear leis an staidéar saincheist na mbranchimithe. Dá bhrí sin, is cuid de Chomhstraitéis na mBan ón tSeirbhís Phromhaidh agus ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann é.

Próiseáil éifeachtúil thráthúil na ngealltanas atá ar Chlár Reachtaíochta an Rialtais

- **Achtaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016**
Is é atá san Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016, ná garsprioc thábhachtach maidir le hathshlánú ciontóirí in Éirinn. Leis an reachtaíocht sin, cuirtear Éire ar aon dul le formhór na mBallstát eile den Aontas Eorpach maidir le foráil a dhéanamh gur féidir le daoine a ciontaíodh i gcionta measartha beag bogadh ar aghaidh óna saol roimhe agus tús nua a fháil.
- **Achtaíodh an Bille um Fháiltas ó Choireacht (Leasú), 2016**
Leis an Acht seo, tugtar cumhacht d'Oifigigh Bhiúró maoin a ghabháil, i gcás go bhfuil amhras réasúnach orthu gur fáiltas ó choireacht í, agus an mhaoin sin a choimeád ar feadh 24 huaire. Fágfaidh an tréimhse 24 huaire sin go mbeifear in ann réamhfhosruithe a dhéanamh. Cumhachtaítear don Phríomhoifigeach Biúró leis an Acht coimeád na maoin a údarú go ceann 21 lá sa bhreis. Beidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla in ann an tréimhse sin a úsáid chun iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú eatramhach srianta agus diúscairt nó diomailt na maoin a chosc idir an dá linn. Rud príomha eile a ndírítear air leis an Acht is ea luach tairsí na maoin ar féidir leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla é a shaothrú faoin Acht um Fháiltas ó Choireacht, 1996, rud a laghdaíodh ó €13,000 go €5,000.
- **Achtaíodh an tAcht um Choimisiún Imscrúdúcháin (Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc), 2016**
Ullmhaíodh an tAcht i gcomhairle leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin fá Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc. Bhí sé mar chuspóir aige a chinntiú go mbeadh ag an gCoimisiún na cumhachtaí a theastóidh uaidh chun an t-imscrúdú tábhachtach ar bunaíodh é ina leith a dhéanamh.

- [Reachtaíocht eile a ndearnadh dul chun cinn uirthi sa bhliain 2016](#)

Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2016 leis an obair ar Bhille um Fhoréigean Baile, rud a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar na cosaintí atá ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin bhaile. Is é a bheidh in achtú an Bhille um Fhoréigean Baile ná céim thábhachtach lena gcuirfear ar chumas na hÉireann daingniú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc agus a chomhrac, rud ar a dtugtar Coinbhinsiún Iostanbúl de ghnáth.

Foráiltear leis an mBille um Cheartas Coiriúil (Cionta a bhaineann le Córais Faisnéise), 2016, do roinnt cionta nua i dtaca le rochtain neamhcheadaithe nó cur isteach ar chórais faisnéise agus ar a sonraí. Rinneadh é a fhoilsiú agus a chur i láthair sa bhliain 2016.

Foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil i mí na Nollag 2016 chun cumhachtaí na gcúirteanna agus an Gharda Síochána a neartú maidir le déileáil le ciontóirí tromchúiseacha seasmhacha agus le daoine ar bannaí, lena n-áirítear trí úsáid mhéadaithe a bhaint as cuirfiúnna agus as faireachán leictreonach, chun riosca an athchiontaithe a laghdú.

Leis an mBille fán gCoimisiún Neamhspleách um Thuairisciú, a foilsíodh i mí na Nollag, bunófar an Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú. Beidh ról tábhachtach ag an gcomhlacht idirnáisiúnta sin i dtacú le cur chun feidhme na bhforálacha in Tús Nua atá dírithe ar dheireadh a chur leis an ngníomhaíocht pharlaiminteach atá bainteach le Tuaisceart Éireann agus ar dhul i ngleic leis an gcoiriúlacht a ghabhann léi.

[Seirbhísí feabhsaithe ceartais óige a sholáthar trí idirghabhálacha spriocdhírthe d'fhonn tacú le torthaí níos fearr do dhaoine óga a thagann i dteagmháil leis an gcóras ceartais choiriúil](#)

Cuireadh tús le hoibríochtaí seacht dTionscadal Athstíúrtha don Óige nua de chuid an Gharda Síochána go luath sa bhliain 2016. Ba i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara, i dTiobraid Árann agus i Luimneach a cuireadh tús leo. Tosaíodh sa bhliain 2016 freisin ar sheirbhís treorach nua meantóireachta do dhaoine óga a thagann ar aire an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm. Táthar ag tacú leis na tionscnaimh nua cheartais óige sin le Cistiú Cuntas Díomhaoin.

Rinneadh roinnt tionscnaimh bhreise cheartais óige a fhorghnó le haghaidh cistithe faoi Phlean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2016. Tá siad mar seo a leanas:

- o na móroibreacha athchóirithe ar an áitreabh atá á áitiú ag an Tionscadal Athstíúrtha don Óige agus an Tionscadal Promhaidh do Dhaoine Óga i Maigh Rois, Co. Luimnigh;
- o athfhorbairt champas Iontaobhas Pobail Candle i mBaile Formaid óna n-oibríonn Tionscadal Promhaidh do Dhaoine Óga;
- o leathnú sheirbhís na dTionscadal Athstíúrtha don Óige trí oibríthe breise ceartais óige a chur ar fáil do Sheirbhísí Óige Deoise Chluana agus trí oibrí breise Ceartais Óige a chur ar fáil do Thionscadal Athstíúrtha MOST don Óige i Lárchathair Bhaile Átha Cliath;
- o earcú Comhordaitheora FETAC de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun a chinntiú go soláthrófar raon leathan oiliúna a bhfuil creidiúint FETAC aici agus soláthar cláir shaincheaptha a bhfuil a cháilíocht dearbhaithe aige sna Tionscadail Athstíúrtha don Óige i Seirbhís Réigiúnach an Láir Tíre don Óige;

- o forbairt Tionscadal Garraí Pobail ag Tionscadal Athstíúrtha na Cabraí don Óige;
- o cur ar fáil mionbhus pobail lena úsáid ag Tionscadal Athstíúrtha SWAN don Óige, atá lonnaithe i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath.

Sa bhliain 2016, chuir Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig uirlis measúnachta riosca/riachtanas i bhfeidhm do gach Tionscadal Athstíúrtha don Óige, tar éis triail rathúil na huirlise a reáchtáil idir an bhliain 2013 agus an bhliain 2015. Is uirlis mheasúnachta atá aitheanta ar fud an domhain é an Leibhéal Seirbhíse Óige/Fardal Bainistíochta Cásanna (YLS/CMI). Baintear úsáid aisti le haghaidh measúnachta agus pleanáil bhainistíochta cásanna ar fud rannpháirtíocht an duine óig le Tionscadal Athstíúrtha don Óige. Fuair thart ar 4,000 duine óg cabhair agus tacaíocht ó na Tionscadail Athstíúrtha don Óige sa bhliain 2016. Faigheann na Tionscadail Stíúrtha don Óige comhchistiú ó Rialtas na hÉireann agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár Chiste Sóisialta na hEorpa um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020.

Rannpháirteachas gníomhach le Ranna eile Rialtais ó thuaidh agus ó dheas agus le gníomhaireachtaí ábhartha. Cruinnithe rialta déthaobhacha le húdaráis Thuaisceart Éireann agus le Rialtas na Ríochta Aontaithe

Táthar ag leanúint le hobair chun tacú le hobair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach. Le linn cruinníú Coimisinéirí i mí an Mheithimh, rinneadh measúnú ar fhorbairtí ar chásanna oscailte. Chomh maith leis sin, bhuail na Coimisinéirí le gaolta leis na Daoine Fuadaithe ag oifigí ionad tráma WAVE i mBéal Feirste chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt dóibh ar an dul chun cinn. Táthar ag leanúint leis an obair atá á déanamh leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le hoifigigh Rialtas na Breataine maidir le gealltanais oidhreachta Chomhaontú Theach Stormont agus le bearta a cuireadh ar áireamh in Tús Nua.

Tá comhar trasteorann leanúnach ar siúl i nithe ceartais choiriúil faoi chuimsiú chreat an Chomhaontaithe Idir-Rialtasaigh agus athbhreithníodh an straitéis póilíneachta trasteorann.

Le linn na Comhdhála Trasteorann um Choireacht Eagraithe i mí Mheán Fómhair, sheol Nóirín O'Sullivan, Coimisinéir an Gharda Síochána, agus George Hamilton, Ard-Chonstabla Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, an Straitéis Póilíneachta Trasteorann. Beidh sí ar an Straitéis Soláthair uileghabhálach le haghaidh obair an Tascfhórsa.

Le Seimineár Trasteorann an Ghrúpa Chomhairligh um Chosaint an Phobail a cuireadh ar siúl i gCeannteathrú na Seirbhíse Promhaidh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2016, tháinig ionadaithe ó na seirbhísí póilíneachta, ó na seirbhísí príosúin, ó na seirbhísí promhaidh agus ó na ranna rialtais in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas, le chéile chun cleachtas nua nuálach a bhreithniú agus chun plé a dhéanamh ar dhóigheanna a bhféadfadh obair i gcomhpháirt lena gcosnaítear an pobal a fhorbairt agus a mhéadú tuilleadh.

Clár a fhorbairt chun feabhas a chur ar fhreagairtí do bhagairtí

- Cuireadh Tascfhórsa Comhghníomhaireachta trasteorann nua in aghaidh na Coireachta ar bun. Cuireadh an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta ar bun chun feabhas a chur ar iarrachtaí dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe trasteorann ar aon dul leis na tosaíochtaí arna socrú ag Airí. Chuir an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta an chéad tuarascáil uaidh ar fáil do chruinniú na nAirí Dlí agus Cirt ó thuaidh agus ó dheas an 4 Iúil.

Cloí le comhar agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir le dul i ngleic le coireacht thromchúiseach agus le coireacht gan teorainn

- An Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac in Éirinn
Is é aidhm an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo cur leis an obair a rinneadh go dtí seo agus ár straitéis a shocrú do na blianta le teacht. Dréachtaíodh an Plean i gcomhar lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bonn eolais leis ba ea an taithí mhéadaitheach atáimid ag gnóthú ar an réimse le blianta anuas. Tugtar aird ann freisin ar ár ngealltanais faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Áirítear leo sin Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, Prótacal na Náisiún Aontaithe chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí, a Chosc, a Chur faoi chois agus Pionós a Ghearradh ina leith (ar Prótacal é lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta) agus Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir leis na híospartaigh a chosaint.



Ag foilsiú an Phlean nua in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine: Noel Waters, Ard-Rúnaí; Gráinne O'Toole, MRCI; an Tánaiste Frances Fitzgerald; Sarah McCormack, Soroptimist Intl.; agus Kevin F. O'Malley, Ambasadóir na Stát Aontaithe

- [Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach](#)

Leanann an Roinn le déileáil ar an mbealach is tapa is féidir le hiarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach in imscrúduithe coiriúla, le Barántais Ghabhála Eorpacha agus le hiarrataí ar eiseachadh.

- [An Lárúdarás um Fhuadach Idirnáisiúnta Leanaí](#)

Chuaigh an Lárúdarás um Fhuadach Idirnáisiúnta Leanaí i mbun oibre sa bhliain 1991. Tá sé lonnaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Faoi Choinbhinsiúin na Háige, 1980 agus 1996, agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 (Rialachán na Bruiséile IIA), éascaíonn an Lárúdarás iarratais ar fhilleadh leanaí a baineadh go héagórach, fáil na gceart rochtana, iarrataí ar thuarascálacha sóisialta, socrú leanaí i ndálaí cúram altrama nó cúraim shóisialta eile thar theorainneacha idirnáisiúnta, iarrataí ar aistriú dlínse agus iarrataí ar shuíomh leanaí. I gcomhar le húdaráis inniúla ábhartha sa Stát amhail an tSeirbhís Chúirteanna, an Garda Síochána, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, agus i gcomhar le húdaráis inniúla náisiúnta i Stáit Chonarthacha eile, oibríonn an Lárúdarás chun an raon iarratas thuas a éascú, agus tús áite á thabhairt aige do leas na leanaí. Cuireadh tús an 1 Márta 2016 le prótacal oibriúcháin sa réimse sin idir Tusla agus an Roinn. Chabhraigh an Lárúdarás le 343 iarratas sa bhliain 2016. Mhéadaigh an líon iarratas nua a fuarthas ó 161 iarratas sa bhliain 2015 go 187 n-iarratas sa bhliain 2016. B'ionann é sin agus méadú de níos mó na 16% ó bhliain go bliain. Bhain na hiarratais nua sin le 258 leanbh.

- [An Lárúdarás um Aisghabháil Cothabhála ó Áiteanna Thar Lear](#)

Cuireadh an Lárúdarás um Aisghabháil Cothabhála ó Áiteanna Thar Lear ar bun sa bhliain 1995. Tá sé lonnaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais freisin. Cabhraíonn an tÚdarás le horduithe cothabhála linbh a chlárú agus a fhorfheidhmiú ar leibhéal idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cothabháil a Aisghabháil thar lear (a síníodh i Nua-Eabhrac an 20 Meitheamh 1956) agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008. Bíonn an tAonad ag déileáil am ar bith le thart ar 1,000 iarratas beo ar chothabháil.

- [Comhar le húdaráis na Spáinne i dtaca le dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe](#)

Bhí cruinniú ann idir Frances Fitzgerald TD, an Tánaiste, agus Jorge Fernández Díaz, Aire Gnóthaí Baile na Spáinne, faoi chuimsiú Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais Eorpach i Lucsamburg. Rinne siad plé ar chomhar déthaobhach i réimse na ngnóthaí baile agus go háirithe ar chomhar póilíneachta chun dul i ngleic le grúpaí coireachta eagraithe atá i mbun oibre sa dá thír. Rinne na hAirí plé ar an gcomhar leanúnach idir na húdaráis forfheidhmithe dlí agus dea-thionchar na foirne comhpháirtí a cuireadh ar bun chun an obair chomhcheangailte a neartú in aghaidh grúpaí coireachta eagraithe atá i mbun oibre sa dá dhlínse.

Bearta a fhorbairt chun slándáil a fheabhsú agus tacú leis na bearta sin

- Forbraíodh córas comhroinnte faisnéise Schengen II chun slándáil agus rialú teorann a fheabhsú.

Is tionscadal ilbhliantúil é sin a bhfuil mar aidhm leis comhroinnt sonraí idir Éire agus Ballstáit eile den Aontas Eorpach a fheabhsú. Cabhróidh sé linn ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le tacú le slándáil an Aontais Eorpaigh agus í a fheabhsú. Rinneadh dea-dhul chun cinn sa bhliain 2016 nuair a bronnadh an Conradh le haghaidh Córas Faisnéise náisiúnta Schengen a fhorbairt.

Oibleagáidí Idirnáisiúnta

Bliain ghnóthach eile don Aire agus don Roinn a bhí sa bhliain 2016 maidir leis na hoibleagáidí a chuir an tAontas Eorpach orainn a chomhlíonadh agus maidir le hionadaíocht a dhéanamh do leasanna na hÉireann ag Comhairlí Ceartais agus Gnóthaí Baile agus na leasanna sin a chur in iúl lena linn. Cuireadh sé Chomhairle sceidealaithe ar siúl sa bhliain. Ar na saincheisteanna a pléadh bhí an imirce agus an ghéarchéim dhaonnúil san Eoraip, an chibearchoireacht, an sceimhlitheoireacht, malartú agus idir-inoibritheacht faisnéise, calaois, agus an margadh aonair digiteach. Cuireadh cúig chruinniú urghnácha ar siúl freisin. Bhí trí chruinniú dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na géarchéimeanna dídeanaithe agus daonnúla san Eoraip. Tionóladh cruinniú amháin mar fhreagairt éigeandála do na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2016.

Bhí cruinniú urghnách eile dírithe ar chórais faisnéise, ar mhalartú faisnéise agus ar idir-inoibritheacht chórais TF an Aontais Eorpaigh. Comhordaíonn an Rannán um Beartas Idirnáisiúnta gach ní a bhaineann leis an Aontas Eorpach i gcomhar le Foireann Ceartais agus Gnóthaí Baile na Roinne atá lonnaithe i mBuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Freastalaíonn an Roinn faoi láthair ar gheall le 100 ceann de chomhlachtaí idirnáisiúnta, de ghrúpaí oibre agus de choinbhinsiúin agus is léiriú é sin ar an obair shuntasach a theastaíonn ar fud gach Rannáin. Ós rud é go bhfuil an sceimhlitheoireacht agus an ghéarchéim dídeanaithe i mbéal an phobail san Eoraip le roinnt bheag blianta anuas, tá méadú mór tagtha ar an ngá atá ann le tacú le rannpháirtíocht ag an Taoiseach agus ag Airí eile sna saincheisteanna sin.

Clár athchóirithe a chur chun feidhme lena n-áirítear an Bille um an Údarás Póilíneachta agus feabhas a chur ar chumhachtaí Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) agus Chigireacht an Gharda Síochána

- Achtaíodh reachtaíocht chun an tÚdarás Póilíneachta neamhspleách nua a chur ar bun. Le hAcht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015, cuireadh an tÚdarás Póilíneachta ar bun agus soláthraíodh raon fairsing feidhmeanna don Údarás, lena n-áirítear feidhmeanna ar chomhlíon an Rialtas nó an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais iad roimhe sin. Bhuail an tÚdarás Póilíneachta leis an gCoimisinéir agus lena foireann shinsearach ar bhonn rialta. Cuireadh 13 chruinniú ar siúl leis an Údarás sa bhliain 2016, ar cuireadh cúig cinn díobh ar siúl go poiblí.

Cuireadh Comhaontú Creata Rialachais i gcrích. Cuireadh Ráiteas Straitéise an Údaráis Phóilíneachta i láthair Frances Fitzgerald TD, an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus leagadh faoi bhráid na dTithe é. Cuireadh an chéad chruinniú idirchaidrimh faoin gCreat Rialachais ar siúl idir an Roinn agus an tÚdarás Póilíneachta an 5 Deireadh Fómhair.

Maidir lena fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, d'fhormheas an tÚdarás Straitéis trí bliana don Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, shocraigh sé na tosaíochtaí póilíneachta don bhliain 2017, rud a bhí mar bhonn eolais le hábhar an Phlean Póilíneachta 2017. Rinne an tÚdarás athbhreithniú agus eisiúint ar mholtaí faoi bheartas an Gharda Síochána um Nochtadh Cosanta. Ina theannta sin, d'fhoilsigh sé Cód Eitice lena n-áirítear caighdeáin iompair agus caighdeáin chleachtais do chomhaltaí den Gharda Síochána.

An 20 Nollaig 2016, shínigh an Tánaiste an t-ordú tosach feidhme do na hailt d'Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015, a bhí riachtanach chun na feidhmeanna ceapacháin agus cur as post do chéimeanna sinsearacha Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána, an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt chuig an Údarás Póilíneachta le héifeacht ón 1 Eanáir 2017. Leis sin, aistríodh chuig an Údarás gach ceann de na feidhmeanna a bhí le haistriú chuige.

- [Fadaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin MacLochlainn](#)

Dheonaigh Frances Fitzgerald TD, an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, fadú breise do Choimisiún Imscrúdúcháin MacLochlainn. Cuireadh an Coimisiún ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar na cúinsí a bhain le scaoileadh marfach an Uas. Ronan MacLochlainn ag an nGarda Síochána i gCo. Chill Mhantáin i mí na Bealtaine 1998. D'iarr Mary Rose Gearty SC, an t-aon Chomhalta amháin den Choimisiún, an fadú tar éis do dhuine a bhí ainmnithe sa tuarascáil deiridh ón gCoimisiún iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt.

- [Formheasadh Plean Cúig Bliana Athchóirithe agus Fórsa Saothair Ardleibhéil don Gharda Síochána](#)

I mí Iúil 2016, d'fhormheas an Rialtas Plean Cúig Bliana Athchóirithe agus Fórsa Saothair Ardleibhéil don Gharda Síochána. Tugtar aghaidh sa phlean ar chur chun feidhme na moltaí comhaontaithe a rinneadh sa tuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána dar teideal 'An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú' (mar chuid d'Athbhreithniú Chomhaontú Bhóthar Haddington ar an nGarda Síochána) agus ar na gealltanais i gClár an Rialtais atá dírithe ar infheictheacht Gardaí a mhéadú. Is iad na príomh-athchóirithe sa phlean ná samhail Rannáin na póilíneachta a chur i bhfeidhm agus sprioc mheántéarmach a shocrú go mbeidh 20% den fhoireann comhdhéanta de shibhialtaigh faoin mbliain 2021 chun Éire a chur ar aon dul le noirm idirnáisiúnta.

Is é Clár Nua-aoisithe agus Athnuachana Choimisinéir an Gharda Síochána 2016-2021 an modh trína gcuirfear moltaí comhaontaithe na tuarascála ar an nGarda Síochána ón gCigireacht chun feidhme. D'iarr an Tánaiste ar an Údarás Póilíneachta faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscnamh athchóirithe ag an nGarda Síochána agus tuairisc ráithiúil a thabhairt ar an dul chun cinn. Beartaítear leis an bplean fórsa saothair ardleibhéil go mbeidh

21,000 ball foirne ag an nGarda Síochána faoin mbliain 2021, agus an fhoireann comhdhéanta de 15,000 Garda, 4,000 sibhialtach agus 2,000 cúltacaí.

- [Athbhreithniú ar an nGarda Síochána faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington](#)

Foilsíodh an 12 Nollaig 2016 athbhreithniú a rinne an tUas. John Horgan, iar-Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais, ar luach saothair agus coinníollacha seirbhíse chomhaltaí an Gharda Síochána agus na struchtúir agus an mheicníocht chuí le haghaidh nithe a bhaineann le pá/caidreamh tionsclaíoch a réiteach sa todhchaí. Breithneofar an t-athbhreithniú i gcomhthéacs fhorbairt na reachtaíochta lena dtabharfar rochtain do chumainn an Gharda Síochána ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre/ar an gCúirt Oibreachais, mar a d'aontaigh an Rialtas i mí na Nollag 2016.

- [Fiosrúchán a cuireadh ar bun faoi alt 109 d'Acht an Gharda Síochána 2005](#)

Cuireadh an fiosrúchán seo ar bun sa bhliain 2015 chun scrúdú a dhéanamh ar iompar na n-oifigeach de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) i dtaca leis an imscrúdú a bhí ar bun aige ar theagmháil a bhí ag comhaltaí den Gharda Síochána le duine a d'fhulaing timpiste tráchta ar bhóthar an 1 Eanáir 2015. Cuireadh an fiosrúchán ar bun mar thoradh ar bhás tragóideach Sáirsint de chuid an Gharda Síochána a bhí mar ábhar don imscrúdú a bhí ar bun ag GSOC. Rinne an Breitheamh Onórach Frank Clarke ón gCúirt Uachtarach an fiosrúchán. I mí an Mheithimh, chuir an Breitheamh Onórach Clarke a thuarascáil faoi bhráid GSOC. Bhí roinnt moltaí ar áireamh sa Tuarascáil, lena n-áirítear an gá le hAcht 2005 a athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le raon feidhme na bhfiosrúcháin breithiúnach faoi alt 109. Rinneadh roinnt moltaí inti freisin a bhain le cleachtais agus nósanna imeachta GSOC maidir le conas a ainmnítear imscrúduithe mar imscrúduithe coiriúla nó araíonachta agus maidir leis an dóigh a ndéantar na himscrúduithe sin. Foilsíodh Cuid 1 den tuarascáil.

- [Rinneadh an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách le haghaidh breithniú líomhaintí arna bhfáil ag an Rialtas a chur i gcrích.](#)

Chuir an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách scrúdú i gcrích ar 320 gearán san iomlán inar líomhnaíodh mí-iompar Gardaí nó fadhbanna le mí-iompar a imscrúdú. Cuireadh an Painéal ar bun chun gearáin a athbhreithniú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin.

Tugadh eisiúint na litreacha fógra chuig gearánaigh chun críche an 8 Feabhra 2016. Tá an Roinn ag déanamh beart leantach ar na gníomhartha molta, idir ghníomhartha foirmiúla agus ghníomhartha neamhfoirmiúla, ón uair a eisíodh na litreacha fógra chuig gearánaigh.

Anuas ar mholtaí a dhéanamh i gcásanna aonair, d'iarr an tAire ar na habhcóidí Tuarascáil forbheathnaithe ghinearálta a chur le chéile ar na saincheisteanna agus na treochoita a sainathníodh le linn an phróisis. Foilsíodh an Tuarascáil i mí Iúil. Cuimsítear sa tuarascáil forbheathnaithe freisin roinnt moltaí a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú nach dtiocfaidh na cineálacha sin gearán chun cinn choíche.

- [Cuireadh Coimisiún Imscrúdúcháin ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar nithe áirithe i dtaobh Rannán an Chabháin/Mhuineacháin den Gharda Síochána.](#)

Foilsíodh tuarascáil deiridh an Choimisiúin Imscrúdúcháin um nithe áirithe i dtaobh Rannán an Chabháin/Mhuineacháin i mí na Bealtaine 2016. (Coimisiún O'Higgins). Ar an tuarascáil a fháil, tharchuir an tAire chuig an Ard-Aighne í lom láithreach. Moladh di, ar aon dul le forálacha alt 38 den Acht um Choimisiún Imscrúdúcháin 2004, go dtabharfaí faoi phróiseas chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil rud ar bith sa tuarascáil a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh nó ar bun. Ba é a bhí i gceist leis sin dul i ndáil chomhairle leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus leis an nGarda Síochána. Tar éis di a fháil amach nach dtagann saincheist an dochair chun cinn aisti, chuir an tAire faoi bhráid an Rialtais í roimh fhoilsiú. Tar éis thuarascáil Choimisiún Imscrúdúcháin O'Higgins a fháil, d'iarr an Tánaiste ar an Údarás Póilíneachta athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta atá i bhfeidhm ag an nGarda Síochána. Foilsíodh an t-athbhreithniú sin i mí na Samhna.

[Tacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'eagraíochtaí earnála deonaí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta](#)

- [Chuir an Roinn tacaíocht airgeadais ar fáil do níos mó ná 50 eagraíocht a thacaíonn le híospartaigh na coireachta.](#)

Sa bhliain 2016, chuir an Roinn cistiú ab fhiú €1.462 milliún san iomlán ar fáil do 54 eagraíocht a thacaíonn le híospartaigh na coireachta. Rinne sí amhlaidh trí Oifig Íospartaigh na Coireachta. Ba é a bhí sa leithdháileadh cistiúcháin a cuireadh ar fáil do na seirbhísí sin sa bhliain 2016 ná méadú 21% i gcistiú do sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta i gcomparáid leis an leithdháileadh a cuireadh ar fáil dóibh sa bhliain 2015.

Leanann seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh le faisnéis thábhachtach agus tacaíocht thábhachtach a chur ar fáil d'íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear tacaíocht mhothúcháinach, tionlacan chuig an gcúirt, tionlacan chuig agallaimh le Gardaí, tionlacan chuig aonaid chóireála ionsaí ghnéasaigh, comhairleoireacht agus tarchur chuig seirbhísí eile.

[Tacú le gníomhaireachtaí ceartais choiriúil agus an earnáil dheonach maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar Threoir 2012/29/AE maidir le híospartaigh](#)

- [D'oibrigh an Roinn go dlúth le gníomhaireachtaí reachtúla agus le grúpaí abhcóideachta íospartach chun dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir AE maidir le híospartaigh. Foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil \(Íospartaigh na Coireachta\) tar éis comhairliúchán fairsing leis na geallsealbhóirí sin](#)

Foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016, i mí na Nollag. Leis an mBille, tugtar an ceart d'íospartaigh na coireachta chun rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach maidir leis an dul chun cinn ar an imscrúdú agus aon imeachtaí cúirte. Cuirtear díriú sa Bhille ar íospartaigh mar dhaoine aonair. Déanfar measúnú aonair ar gach íospartach chun go mbeifear in ann aon bhearta speisialta a theastaíonn chun é/í a chosaint ar íospairt thánaisteach nó athíospairt a chur i bhfeidhm le linn an imscrúdaithe agus le linn an phróisis chúirte.

Leis an mBille, trasuifear i ndlí na hÉireann Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear caighdeáin íosta maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta.

- **Tacaíodh le hOifigí Idirchaidrimh d'Íospartaigh a chur ar bun i ngach Rannán den Gharda Síochána.** Oifigí Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'Íospartaigh, atá faoi shainchúram Bhiúró Seirbhísí Cosanta Náisiúnta an Gharda Síochána, tá siad i bhfeidhm anois sna 28 Rannán go léir den Gharda Síochána sa Stát. De bhreis air sin, tá sé beartaithe go gcuirfidh an Garda Síochána Aonaid Seirbhísí Cosanta nua i bhfeidhm i ngach Rannán den Gharda Síochána chun seirbhís póilíneachta níos sainiúla a chur fáil maidir le freastal ar íospartaigh an fhoréigin bhaile agus na coireachta gnéasaí. Tosófar leis an obair sin sa bhliain 2017 trí na haonaid sin a chur i bhfeidhm ar bhonn treorach i Rannán Chorcaí, i Rannán Lú agus i Rannán Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar.

Straitéis Náisiúnta nua um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a forbairt

- **An Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021** Seoladh an Straitéis i mí Eanáir 2016. Beartaítear léi raon gníomhartha a gcuirfidh eagraíochtaí san earnáil Stáit, san earnáil dheonach agus san earnáil pobail iad chun feidhme, ar gníomhartha iad a bhfuil mar aidhm leo freagairt d'fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe agus é a chosc. Agus an straitéis á forbairt, ghlac Cosc, an Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhoréigean Teaghlach, Gnéis agus Inscne, páirt i gcomhairliúcháin le raon leathan geallsealbhóirí Stáit agus neamh-Stáit. Reáchtáil an tAire dhá fhóram chomhairleacha le geallsealbhóirí chun tosaíochtaí a shainiú agus a thabhairt chun críche. Is é an straitéis toradh na hoibre sin.

Na 18 ngníomh ar chomhaontaigh an Rialtas iad chun cur ar chumas na hÉireann Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú, cuireadh ar áireamh iad sa Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021. Áiríodh leis na gníomhartha sin an Bille um Fhoréigean Baile agus an Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) a thabhairt isteach. Tá obair ar bun ar na gníomhartha a chur chun feidhme.

- **Feachtas Feasachta Phlean Gníomhaíochta an Dara Straitéis Náisiúnta** Eochairghníomh de chuid na Straitéise is ea an feachtas náisiúnta feasachta dar teideal 'What would you do?' a seoladh an 16 Samhain 2016. Is é aidhm an fheachtais feasacht a mhéadú ar fhoréigean baile agus gnéasach chun athrú a bhaint amach in iompraíochtaí agus i ndearcthaí fadbhunaithe agus seallaigh a ghníomhachtú chun an cineál sin foréigin a laghdú agus a chosc. Is é atá i gceist le cur chuige seallach i leith deireadh a chur le foréigean baile ná cur ar chumas daoine sa phobal foréigean baile a chosc agus idirghabháil a dhéanamh ann má tá sé sábháilte agus dlíthiúil déanamh amhlaidh.

Cur chuige uile-Rialtais a chinntiú maidir le haghaidh a thabhairt ar iompraíocht ciontóra, lena n-áirítear athchiontú a laghdú

- Tacú leis an gComhstraitéis idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh, rud ina leagtar amach freagairt chomhtháite do chiontóirí a bhainistiú agus a bhfuil mar aidhm leis baol an athchiontaithe a laghdú

Foilsíodh Staidéir Atitimeachais do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus don tSeirbhís Phromhaidh i mí na Samhna 2016. Pléadh iontu leis an gcórt ciontóirí sa bhliain 2010 agus léiríodh iontu ráta atitimeachais nó athchiontaithe an chohóirt sin laistigh de thréimhse 3 bliana. Táthar ag obair ar staidéar taighde faoi láthair ina bhféachtar ar shaincheist na mbanchimithe. Dá bhrí sin, is cuid de Chomhstraitéis na mBan ón tSeirbhís Phromhaidh agus ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann é.

- Treisiú leis an maoirseacht a dhéantar ar athchiontóirí ilghníomhacha tar éis a scaoilte ar mhaithe le baol an athchiontaithe a laghdú

Seoladh an chéad Chomhstraitéis riamh maidir le Ciontóirí a Bhainistiú i mí Mheán Fómhair 2016. Leathnaíodh an tionscnamh ina dhiaidh sin go Dún Dealgan, go Cathair Luimnigh agus go Cathair Phort Láirge. Ba iad an tSeirbhís Phromhaidh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Garda Síochána a chuir an Chomhstraitéis le chéile. Leagtar amach inti raon príomhchuspóirí comhaontaithe agus gníomhartha tacaíochta chun feabhas a chur ar an dóigh a mbainistítear ciontóirí. Cuirfear an obair sin ar aghaidh ar bhonn idirghníomhaireachta sa tréimhse 2016-2018. Féachtar go sonrach sa Chomhstraitéis ar bhainistiú ciontóirí ilghníomhacha, ciontóirí gnéis agus déantóirí foréigin bhaile agus cuirtear béim láidir inti ar chearta íospartaigh na coireachta agus ar bhealaí chun iad a chosaint.

Caighdeán na cóiríochta a fheabhsú i bPríosún Mhuinseo, i bPríosún Chorcaí, i bPríosún Luimnigh agus i bPríosún Phort Laoise

- Plean Caipitil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2016-2021

Leagtar amach sa Plean an fhís straitéiseach don eastát príosún. I gcás Phríosún Luimnigh, bloc nua cóiríochta ina bhfuil 103 chillín a sholáthar d'fhir agus aonad nua ina bhfuil 50 cillín agus 8 n-idiraonad a sholáthar do mhná faoin mbliain 2019. I gcás Phríosún Phort Laoise, pleananna a chur le chéile le haghaidh aonad nua uas-slándála a thógáil chun é a chur in áit bhloc "E" reatha, rud a chuirfidh deireadh iomlán leis an gcleachtas um "na fualáin a fholmhú" ar fud eastát príosún na hÉireann ar fad. I gcás Phríosún Mhuinseo, críochnaíodh tionscadal athchóirithe ar an gcóiríocht ar fad agus soláthraíodh foirgneamh nua Oibre agus Oiliúna.

- Oscailt Oifigiúil Phríosún Chorcaí

Oscailíodh an príosún 169 gcillín dhúbailte i gCorcaigh i mí Feabhra 2016. Ghlac sé áit an tseanphríosúin mheánslándála a bhí suite in iarfhoirgneamh Vichteoiriach de chuid an airm agus atá dúnta anois. Tógadh é ar shé acra thar thréimhse 20 mí. Bhí costas beagán os cionn €43 milliún i gceist leis. Is é atá sa phríosún nua cillíní ardtacaíochta, cillíní atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas agus cillíní breathnóireachta.

- **Foilsíú Straitéis Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2016-18**
Áirítear le spriocanna na Straitéise leibhéil atitimeachais a laghdú agus freagairt go dearfach do mheabhairshláinte daoine atá i gcoimeád agus tionchar dearfach a imirt uirthi.
- **Foilsíú Straitéis Oideachais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann/Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann 2016-2018**
Leagtar amach sa ráiteas straitéise seo an dóigh a n-oibreoidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus na Boird Oideachais agus Oiliúna le chéile chun a chinntiú go soláthrófar an t-oideachas ar bhealach éifeachtach éifeachtúil laistigh de phríosúin na hÉireann. Is í seirbhís oideachais leathan, sholúbtha agus ábhartha a sholáthrófar, agus í ceaptha chun freastal ar na riachtanais chasta oideachais atá ag daoine i gcoimeád. Cumhdaítear speictream leathan cúrsaí léi, idir chlár Oideachais Bhunúsaigh agus chlár Tríú Leibhéal. Cothromaítear léi an gá atá le foghlaim atá praiticiúil, creidiúnaithe agus cothrom le dáta agus an gá atá le foghlaim ar son forbairt phearsanta, agus cloítear le prionsabail an Oideachais Athdheise, an Oideachais Leanúnaigh nó an Oideachais Aosaigh lena linn.

An Clár um Fhilleadh ar an bPobal agus an Scéim Tacaíochta Pobail a leathnú

- **Aitheantas don Chlár um Fhilleadh ar an bPobal**
Comhthionscnamh idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh is ea an Clár um Fhilleadh ar an bPobal. Bronnadh dámhachtain thánaisteach ar an gClár ag Dámhachtainí Chónaidhm an Phromhaidh Eorpaigh 2016 chun aitheantas a thabhairt don sár-rannchuidiú a dhéanann sé le hathshlánú.

An tAcht Fíneálacha (Íoc agus Ghnóthú), 2014, a chur chun feidhme

- **Thug an Roinn tacaíocht don tSeirbhís Chúirteanna chun an tAcht Fíneálacha, 2014, a chur chun feidhme**
Tosaíodh an tAcht i mí Eanáir 2016 agus foráiltear leis gurb amhlaidh, i gcás go mainneoidh duine fíneáil a íoc faoin dáta dlite, go bhféadfaidh an Chúirt ordú astaithe a dhéanamh i leith thuilleamh an duine chun fíneáil gan íoc a ghnóthú. Foráiltear leis an Acht freisin go mbeidh sé de chumhacht ag an gCúirt glacadóir a cheapadh chun fíneáil gan íoc a ghnóthú. I gcás gur forchuireadh ordú gnóthaithe nó ordú astaithe agus go bhfuil an fhíneáil nó cuid den fhíneáil fós amuigh, féadfar ordú seirbhíse pobail a dhéanamh mar mhalairt ar théarma príosúnachta. Ar mhaithe leis na bearta a chur chun feidhme, ba ghá athruithe a dhéanamh ar chórais TF agus riaracháin. Ba ghá próiseas tairisceana a sheoladh ar mhaithe leis an Acht a chur chun feidhme freisin.



3.4 - Rochtain ar Cheartas do Chách

AN DUL CHUN CINN A RINNEADH SA RÉIMSE SEO LE LINN NA BLIANA 2016

An Chúirt Achomhairc a chur ar bun agus ar siúl

- Tá ag éirí go maith leis an gCúirt Achomhairc
Rinneadh 924 achomharc nua sa bhliain 2016. Achomhairc shibhialta a bhí i 591 cheann díobh agus achomhairc choiriúla a bhí i 333 cinn díobh. Cuireadh 780 achomharc de lámh le linn na bliana, a chuimsigh 451 cheann d'achomhairc shibhialta agus 329 gcinn d'achomhairc choiriúla. B'ionann é sin agus méadú 6% ar an bhfigiúr don bhliain 2015.
- An Dara Cúirt Choiriúil Speisialta
I mí Aibreáin 2016, shínigh an Tánaiste na Rialacha Cúirte lena gcumasaítear don Dara Cúirt Choiriúil Speisialta tús a chur le cásanna a éisteacht. Tá an dara cúirt comhdhéanta de thriúr breithiúna den Ard-Chúirt, beirt bhreithiúna den Chúirt Chuarda agus beirt bhreithiúna den Chúirt Dúiche.



Foirgneamh na gCúirteanna Coiriúla Breithiúnais

Nósanna Imeachta um Cheapacháin Bhreithiúnacha a Athchóiriú agus a Thabhairt Cothrom le Dáta

- Reachtaíocht chun an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha a ionadú
Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha i mí na Nollag. Leis an mBille sin, comhlíonfar na gealltanais atá tugtha sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta chun an córas um cheapacháin bhreithiúnacha a athchóiriú.

Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a éifeachtaí atá riar an cheartais trí obair as lámh a chéile leis an tSeirbhís Chúirteanna, leis an nGarda Síochána, le Seirbhís Phríosúin na hÉireann, leis an tSeirbhís Phromhaidh, leis an mBord um Chúnadh Dlíthiúil agus leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Leanadh ar aghaidh leis an teicneolaíocht nasc físe a chur i bhfeidhm sa bhliain 2016. Laghdaítear leis an teicneolaíocht sin an gá a bhíonn ann le príosúnaigh a thionlacan chuig an gCúirt, go háirithe i gcás mionéisteachtaí. Tá méadú tagtha ar a éifeachtúla atá riar an cheartais a bhuí leis an teicneolaíocht sin agus le clár Láithreoirí Cúirte an Gharda Síochána, áit a mbíonn ball ar leith den Gharda Síochána lonnaithe sa Chúirt agus a gcuireann sé/sí fianaise i láthair i gcásanna éagsúla, in ionad gach cás a bheith á chur i láthair ag Gardaí difriúla.

Obair leis an tSeirbhís Chúirteanna ar athrú agus forbairt eagraíochtúil, lena n-áirítear feabhsú teicneolaíochta ar nós rCheartais, etc

- **An tSeirbhís Chúirteanna ar Líne**

Cuid den Chlár um an tSeirbhís Chúirteanna ar Líne is ea an córas rCheadúnúcháin, rud trínar féidir bainistiú agus riar a dhéanamh ar gach iarratas ar cheadúnas a dhéantar chuig na Cúirteanna Dúiche agus Cuarda. I mí Iúil agus i mí Lúnasa, cuireadh an córas rCheadúnúcháin chun feidhme i 6 oifig phíolótacha i nDún na nGall, i Sligeach, i gCora Droma Rúisc, i nDún Dealgan, i mBré agus i Loch Garman. Idir an dá linn, tá obair ar siúl chun 6 oifig eile a ullmhú do chur chun feidhme an chórais. Tá na hoifigí sin lonnaithe i Leitir Ceannainn, i gCaisleán an Bharraigh, i mBéal an Átha, ar an gCabhán, i Muineachán agus i bPort Láirge.

Acmhainní airgeadais a chur ar fáil don tSeirbhís Chúirteanna

- **Buiséad na Seirbhíse Cúirteanna**

B'ionann agus €109.7 milliún san iomlán acmhainní na Seirbhíse Cúirteanna don bhliain 2016, rud lenar áiríodh caiteachas caipitil €36.4 milliún.

- **Tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí - Beartán na gCúirteanna**

Déanfar seacht gcinn de Thithe Cúirte réigiúnacha a thógáil nó a athfhorbairt mar chuid den tionscadal seo. Beidh costas iomlán an tionscadail cothrom le thart ar €135 mhilliún. Tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh ar fud na seacht suíomh i nDroichead Átha, i Leitir Ceannainn, i Luimneach, i Loch Garman, i gCorcaigh, ar an Muileann gCearr agus i bPort Láirge.

3.5 - Sochaí Chothrom Chuimsitheach

AN DUL CHUN CINN A RINNEADH SA RÉIMSE SEO LE LINN NA BLIANA 2016

Comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hÉireann i nósanna imeachta agus i sásraí idirnáisiúnta a bhaineann le saincheistanna chearta an duine sa tír seo

- **An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú I mí Iúil 2016**, tionóladh comhairliúchán sochaí sibhialta ar an bhfreagairt ón Stát don Liosta Saincheistanna faoin gCoinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú. Chomhaontaigh an Rialtas an tuarascáil ó Éirinn faoin gCoinbhinsiún ina dhiaidh sin. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair.
- **An Tuarascáil faoin gCoinbhinsiún maidir le hIdirhealú Ciníoch a Dhíothú**
Is é an Coiste um Idirhealú Ciníoch a Dhíothú an comhlacht saineolaithe neamhspleácha a dhéanann faireachán ar an dóigh a mbíonn an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chiníoch a Dhíothú á chur chun feidhme ag na Stáit is páirtithe ann. Ceanglaítear ar gach Stát is páirtí tuarascálacha rialta a chur faoi bhráid an Choiste maidir leis an dóigh a mbíonn na cearta á gcur chun feidhme. Ní mór do Stáit tuairisc a thabhairt bliain amháin tar éis dóibh aontú don Choinbhinsiún agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Tá an Cúigiú go dtí an Seachtú tuarascáil thréimhsiúil ó Éirinn chuig an gCoiste réidh le haghaidh comhairliúchán poiblí.
- **An Tuarascáil Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilechoitinn ón gCoiste um Chearta an Duine**
Tá an tAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann ina phróiseas uathúil trína ndéantar athbhreithniú ar fheidhmíocht gach Ballstáit de na Náisiún Aontaithe ó thaobh chearta an duine de. Ghlac Éire páirt sa chúigiú seisiún is fiche de chuid Mheitheal Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilechoitinn na Comhairle um Chearta an Duine i mí na Bealtaine. Rinneadh an Chomhairle um Chearta an Duine breithniú ar an Tuarascáil Náisiúnta Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilechoitinn ó Éirinn lena linn agus ghlac sí moltaí ina leith ina dhiaidh sin.

Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2016 agus ar chur chun feidhme an ghealltanais a bhaineann le hinscne atá i gClár an Rialtais

- **Cur chun feidhme Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2016 a chur ar aghaidh agus leagan nua den straitéis a ullmhú**
Seoladh an chéim comhairliúcháin phoiblí ar an leagan nua de Straitéis Náisiúnta na mBan i mí na Samhna. Leagfar amach sa Straitéis tosaíochtaí beartais ardleibhéil an Rialtais do mhná agus do chailíní suas go dtí an bhliain 2020. Tionóladh an chéad chomhairliúchán poiblí i gCorcaigh agus bhí sé ar oscailt go mí Eanáir 2017.
- **Méadú ar Dheontas Chomhairle Náisiúnta na mBan**
Tá Comhairle Náisiúnta na mBan ina bratghrúpa a dhéanann ionadaíocht do 170 ballghrúpa agus do bhaill aonair. Is é an aidhm atá aici comhionannas a bhaint amach idir fir agus mná. Leithdháileadh suim €400,000 ar an gComhairle i mBuiséad 2016, rud a bhí cothrom le méadú 33% ar an soláthar don bhliain 2015.

- **Comhar Náisiúnta Líonraí Pobalbhunaithe na mBan**

I mí Iúil 2016, ghlac an Roinn freagracht as Comhar Náisiúnta Líonraí Pobalbhunaithe na mBan. Cuimsíonn an Comhar 17 gcinn de ghrúpaí ban ó chodanna difriúla den tír a bhíonn ag gabháil do bhearta gníomhachtaithe agus for-rochtana do mhná faoi mhíbhuntáiste. Ba í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a chistigh obair an Chomhair roimhe sin. Leithdháileadh cistiú €1.385 milliún air sa bhliain 2016.

- **Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit**

Amhail mí Feabhra 2017, is mná iad 38% de na comhaltaí ar bhoird Stáit agus tá an sprioc 40% maidir le hionadaíocht ón dá inscne bainte amach ag 101 bhord (47% den líon iomlán). D'éirigh le 75% de na boird Stáit atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais an sprioc sin a bhaint amach, áit a bhfuil meánionadaíocht na mban i measc comhaltaí boird cothrom le 42.9%.

- **Cistiú do Chomhionannas Inscne**

Cuireadh cistiú €4.5 milliún ar fáil faoi Chiste Sóisialta na hEorpa do thionscnaimh lena ndírítear ar mhná atá scoite ón margadh saothair agus atá ag iarraidh dul i mbun fostaíocht íoctha. Cuireadh €1 mhilliún eile ar fáil do thionscadail lena dtacaítear le fiontraíocht na mban. Is leis an leithdháileadh sin a chisteofar gníomhaíocht na dtionscadal ar feadh tréimhse dhá bhliain go trí bliana.



David Stanton TD, an tAire Stáit, agus é ag freastal ar an 7ú Fóram Bliantúil maidir le Cairt an Aontais Eorpaigh um an Éagsúlacht, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 18 Deireadh Fómhair 2016

An Bille um Shaoire Teaghlaigh a chur ar aghaidh

- [An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016](#)

Tugtar leis an Acht saoire atharthachta dhá sheachtain agus sochar atharthachta dhá sheachtain d'aithreacha ar rugadh a leanaí an 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh. Aithnítear leis an reachtaíocht an ról ríthábhachtach a imríonn aithreacha i saol leanaí nuabheirthe agus i saol leanaí óga. Is fianaise í ar an tiomantas atá ann d'infheistíocht a dhéanamh i luathbhlianta leanaí agus d'fheabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil i measc tuismitheoirí. Féadfar an tsaoire a thógáil am ar bith laistigh den chéad sé mhí tar éis na breithe.

Comhphlé fiúntach agus rannpháirtíocht fhiúntach leis an Lucht Siúil agus leis an bpobal Romach araon a chumasú

- [Tionscadal Staire Lucht Siúil Iarthar na hÉireann](#)

Rinne an tUas. David Stanton TD, an tAire Stáit, Tionscadal Staire Lucht Siúil Iarthar na hÉireann a sheoladh in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, an 21 Deireadh Fómhair 2016. Is é aidhm an Tionscadail tacaíocht a thabhairt do dhaoine den Lucht Siúil atá ag iarraidh béaloideas agus stair an Lucht Siúil a bhailiú agus a chartlannú.

- [Projectos Romano: Staidéar ar Phobail Romacha i mBaile Brigín](#)

Comhthionscnamh idir Cairde agus Musicantia is ea seo. Sheol David Stanton TD, an tAire Stáit, an tuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus scrúdaítear inti staid shocheacnamaíoch an phobail Romaigh i mBaile Brigín. Cuireadh fáilte sa tuarascáil ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh chun an líon Romach a chónaíonn in Éirinn a shainnint. Moladh inti freisin don phobal Romach bailiú cruinn an staidrimh sin a éascú ionas go bhféadfadh an Rialtas cabhrú leo ar bhealach spriocdhírthe atá íogair ón taobh cultúrtha de. Agus é faoi stiúir ag an bpobal Romach, cuireann Musicantia imeascadh idir a phobal féin agus pobail eile chun cinn trí cheol, teanga agus cultúr an phobail Romaigh.

- [Dámhachtainí Mórtais an Lucht Siúil](#)

Is é searmanas Dámhachtainí Mórtais an Lucht Siúil an príomhimeacht a reáchtáiltear le linn Sheachtain Mhórtais an Lucht Siúil gach bliain. Cuirtear gach a bhfuil dearfach faoin Lucht Siúil in Éirinn i láthair lena linn. Bronnadh duaiseanna i raon leathan catagóirí, lena áiríodh an oige, gníomhaíocht phobail, oideachas, ceol, na healaíona agus spórt.

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach a foilsíodh sa bhliain 2011 a athnuachan ionas gur féidir freastal ar na riachtanais ar leith atá ag an Lucht Siúil agus ag an bpobal Romach araon, agus aird chuí á tabhairt ar na moltaí tír-shonracha ón gCoimisiún Eorpach

- [Reáchtáladh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le linn na bliana 2016 chun bonn eolais a chur faoi leagan athbhreithnithe den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach don tréimhse 2017-2021.](#)

Cuireadh tús leis an gcéad chéim den phróiseas comhairliúcháin sa bhliain 2015, agus é mar aidhm léi teacht ar na téamaí tosaíochta a dtabharfaí aghaidh orthu sa leagan athbhreithnithe den

Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú. Cuireadh tús leis an dara céim sa bhliain 2016, inar féachadh le cuspóirí sonracha a shainaithint agus a chomhaontú faoi gach ceann de na téamaí a sainaithníodh sa chéad chéim. Cuireadh tús leis an tríú céim ina dhiaidh sin, inar sainaithníodh gníomhartha beachta intomhaiste agus amscálaí le haghaidh chomhlíonadh gach ceann de na cuspóirí a tháinig chun cinn le linn an dara céim.

Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí a athbhreithniú agus a athstruchtúrú maidir leis an mbeartas náisiúnta míchumais a chur ar aghaidh chun comhairliúchán leanúnach, cuí agus ionadaíoch a chinntiú

- Tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin le linn na bliana 2016 chun bonn eolais a chur faoi leagan nua den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas don tréimhse 2017-2021.

In éineacht leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus le Grúpa Cur Chun Feidhme na Straitéise Náisiúnta Míchumais, thug an Roinn faoi phróiseas comhairliúcháin inar tugadh deis do pháirtithe leasmhara moltaí a dhéanamh i leith réimsí tábhachtacha amhail soláthar seirbhísí, cóiríocht, sláinte, fostaíocht agus oideachas. Le cúnamh ón Údarás, d'éirigh leis an Roinn Céim 3 den phróiseas comhairliúcháin a chríochnú agus dréacht-Straitéis athbhreithnithe a ullmhú ina bhfuil spriocanna intomhaiste agus spriocdhátaí. Leanfar ar aghaidh sa Straitéis leis na cláir agus na seirbhísí atá ar bun cheana féin agus le forbairtí nua atá ar na bacáin.

Comhordú beartais ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí difriúla, agus comhairliúchán éifeachtach le daoine faoi mhíchumas agus le geallsealbhóirí ábhartha sa phróiseas beartais agus rannpháirtíocht na ndaoine sin sa phróiseas beartais

- Treoir AE maidir le hInrochtaineacht

Is é an aidhm atá leis an Treoir feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí agus seirbhísí inrochtana trí dheireadh a chur leis na bacainní atá cruthaithe le píosaí reachtaíochta atá ag teacht salach ar a chéile. Tá an Treoir á plé ar leibhéal an Aontais faoi láthair. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhordaíonn seasamh caibidlíochta na hÉireann ar fud na Ranna agus na ngníomhaireachtaí ábhartha uile. Cuireadh Grúpa Comhairleach ar bun chun cabhrú leis an obair sin.

Daingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a chur ar aghaidh trí chomhordú a dhéanamh ar obair na Ranna ábhartha uile agus leasuithe reachtacha ábhartha á ndéanamh acu

- Foilsiú an Bhille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2016.

Cheadaigh an Rialtas foilsiú an Bhille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha), a bhfuil mar chuspóir leis aghaidh a thabhairt ar na bacainní reachtacha eile atá ann ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a bheith á dhaingniú ag Éirinn. I measc nithe eile, foráiltear leis an gCoinbhinsiún go dtabharfar freastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas i réimse na fostaíochta agus an tsoláthair sheirbhísí (i.e. cabhair phraiticiúil chun a chinntiú gur féidir le duine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhís ar leith).

Nearatófar leis an mBille na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí agus ar sheirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí tráchtála a ndéantar rialáil ar cháilíocht a gcuid seirbhísí – bainc, comhair chreidmheasa, cuideachtaí árachais agus soláthraithe teileachumarsáide agus iompair ina measc.

- [Chuir an tUachtarán a lámh leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe \(Cumas\) 2015 an 30 Nollaig 2015.](#)

Athchóirítear leis an Acht an reachtaíocht um chumas atá i bhfeidhm ag Éirinn ón 19ú haois. Bunaítear leis creat nua-aimseartha reachtúil chun tacú le cinnteoireacht i measc daoine fásta a bhfuil deacracht acu cinntí a dhéanamh gan chúnamh. Is gá próisis riaracháin nua agus bearta tacaíochta nua a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a bhunú laistigh den Choimisiún Meabhair-Shláinte, sular féidir forálacha substainteacha an Achta a thosú. Cuireadh Grúpa Stiúrtha ardleibhéil a chuimsíonn oifigigh shinsearacha ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón Roinn Sláinte, ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus ón tSeirbhís Chúirteanna ar bun sa bhliain 2016 chun maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus coimisiúnú na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí. Tá an obair sin fós ar siúl.

[Tacú le hObair an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais, go háirithe maidir le treisiú leis an ról atá aige i gcomhairle neamhspleách beartais a thabhairt don Aire agus don Rialtas, agus Rialachas Corparáideach éifeachtach a chinntiú](#)

- [Comhaontú Feidhmíochta 2016](#)
Síníodh comhaontú feidhmíochta idir an Roinn agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ina leagtar amach na haschuir atá le soláthar ag an Údarás. Leagtar amach ann freisin na socrúithe cumarsáide atá le leanúint idir an Roinn agus an tÚdarás.

[Cur chuige na hÉireann i leith imeascadh inimirceach a athbhreithniú agus Straitéis Imeasctha nua a fhorbairt](#)

- Rinne an Rialtas an Straitéis um Imeascadh Imirceach 2017-2020 a thabhairt chun críche agus a cheadú sa bhliain 2016. Foilsíodh an Straitéis i mí Feabhra 2017 agus leagtar amach inti an tiomantas atá ag an Rialtas d'imeascadh inimirceach a chur chun cinn mar ghné lárnach d'athnuachan na hÉireann agus mar bhunphrionsabal i sochaí na hÉireann.
- [Cistiú Tearmainn, Imirce agus Imeasctha](#)
Cuireadh cistiú €4.5 milliún ar fáil faoi Chiste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha an Aontais Eorpaigh do thionscnaimh a bhfuil saolré aon bhliana go trí bliana acu agus atá dírithe ar Náisiúnaigh, Dídeanaithe agus Iarrthóirí Tearmainn ó Thríú Tíortha. Ceadaíodh cistiú do thionscadail inar comhlíonadh na cuspóirí roghnaithe maidir le glacadh/tearmann, imeascadh agus acmhainn a mhéadú faoi Chlár Náisiúnta na hÉireann.

An Bille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh a chur ar aghaidh

- An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015.

Áirítear iad seo a leanas le príomhfhórlacha an Achta a tosaíodh i mí Eanáir 2016:

- Féadfaidh duine eile seachas tuismitheoir an linbh a bheith ina c(h)aomhnóir ar an leanbh.
- Beidh duine ar céile, páirtneír sibhialta nó comháitritheoir an tuismitheora é/í ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana in ann iarratas a dhéanamh ar choimeád i gcás go bhfuil sé/sí ina t(h)uismitheoir ar an leanbh le tréimhse 2 bhliain.
- Beidh seantuismitheoir nó gaol eile in ann iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar choimeád an linbh i gcás gur duine fásta é/í a bhfuil cúram laethúil tugtha aige/aici don leanbh le tréimhse os cionn 12 mhí agus nach bhfuil ag an leanbh aon tuismitheoir ná aon chaomhnóir atá toilteanach nó ábalta gníomhú mar chaomhnóir.
- Beidh gaolta an linbh, amhail seantuismitheoirí nó iad sin atá ag gníomhú *in loco parentis*, in ann iarratas a dhéanamh ar rochtain níos éasca a fháil ar leanaí i gcás cliseadh caidrimh.
- Beidh leas an linbh ar an gceist is tábhachtaí don chúirt le linn imeachtaí a bhaineann le caomhnóireacht, le coimeád nó le rochtain.
- Féadfaidh an chúirt ordúithe forfheidhmithe a fhorchur i gcás gur diúltaíodh coimeád nó rochtain do thuismitheoir nó do chaomhnóir.
- Is ag leanbh a bhfuil páirtneír sibhialta mar chomhthuismitheoirí aige/aici a bheidh na cosaintí céanna agus atá ag leanbh a bhfuil a t(h)uismitheoirí pósta lena chéile.
- Féadfar freagracht cothabhála a fhorchur ar dhuine atá ag comhchónaí lena p(h)áirtneír i gcás gur caomhnóir an linbh é/í an páirtneír sin.

Ina theannta sin, déanfar caomhnóirí a leanaí go huathoibríoch d'aithreacha neamhphósta i gcás go gcomhlíonfaidh siad ceanglas comhchónaithe. Athair neamhphósta a chomhchónaíonn le máthair an linbh ar feadh tréimhse 12 mhí, lena n-áirítear 3 mhí tar éis bhreith an linbh, déanfar caomhnóir an linbh go huathoibríoch de. Ní cúlghabhálach atá an fhoráil sin. Mar sin, ní dhéanfar caomhnóireacht a ghnóthú go huathoibríoch ach amháin i gcás go gcónóidh na tuismitheoirí le chéile ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad tar éis an 18 Eanáir 2016.

An Bille um Rialáil Seirbhísí Dlí a chur ar aghaidh

- Ritheadh an Bille um Rialáil Seirbhísí Dlí i ngach céim den Oireachtas.

Cuireadh an tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí ar bun i mí Dheireadh Fómhair tar éis don Oireachtas ainmnithe an Rialtais a cheadú mar chomhaltaí den Údarás. Tosaíodh fórlacha lena bpléitear le comhpháirtíochtaí dlíthiúla, le cleachtais ildisciplíneacha agus le próiseas comhairliúcháin phoiblí a bhaineann le habhcóidí i mí na Nollag 2016.

Tosaíochtaí reachtacha arna ngabháil de láimh ag leibhéal Rialtais agus ag leibhéal idirnáisiúnta a bhaint amach

- [An Bille um Dhliteanas Sibhialta \(Leasú\)](#)

Críochnaíodh dréachtú an Bhille seo sa bhliain 2016. Is é príomhchuspóir an Bhille cumhacht a thabhairt do na cúirteanna dámhachtainí damáistí a dhéanamh i gcásanna mórdhíobhála pearsanta trí bhíthin orduithe íocaíochtaí tréimhsiúla. Cumasófar leis an mBille do dhaoine a ndearnadh mórdhíobháil dóibh na híocaíochtaí a bhaineann lena gcúram leanúnach a fháil i bhfoirm íocaíochtaí tréimhsiúla (i.e. íocaíochtaí bliantúla ar feadh shaol an duine) seachas i bhfoirm ‘cnapshuime’ mar a tharlaíonn faoi láthair. Leis an mBille, cuirfear daoine a ndearnadh mórdhíobháil dóibh ar a suaimhneas go gcumhdófar costas a riachtanas cúraim ar feadh a saoil ar fad. Tugtar aghaidh leis an mBille ar na hábhair imní atá curtha in iúl arís agus arís eile ag na cúirteanna gurb amhlaidh, in éagmais reachtaíochta dá chineál, nach ar fáil i ngach cás a bhíonn an rogha is fearr do dhaoine a ndearnadh mórdhíobháil dóibh – is é sin, ordú íocaíochtaí tréimhsiúla.

- [An tOrdú fán Acht um Chinnteoireacht Chuidithe \(Cumas\), 2015 \(Tosach Feidhme Forálacha Áirithe\), 2016 \(Ionstraim Reachtuil Uimh. 515 de 2016\)](#)

Ba leis na rialacháin seo a tugadh forálacha áirithe de Chuid 1 agus de Chuid 9 den Acht i bhfeidhm an 17 Deireadh Fómhair 2016. Tugadh na forálacha sin i bhfeidhm chun bunú na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí a chur ar aghaidh agus chun go bhféadfaí tús a chur leis an bpróiseas chun Stiúirthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí a earcú.

- [An Bille Idirghabhála](#)

Críochnaíodh dréachtú an Bhille seo sa bhliain 2016. Is é cuspóir ginearálta an Bhille idirghabháil a chur chun cinn mar mhalairt inmharthana, éifeachtach agus éifeachtúil ar imeachtaí cúirte agus, ar an mbealach sin, costais dhlíthiúla a laghdú, dlús a chur leis an réiteach díospóidí agus maolú a dhéanamh ar an strus agus ar an achrann a bhíonn ag gabháil le himeachtaí cúirte go minic.

Seirbhís náisiúnta nua a bhunú chun na tacaí atá ar fáil d'iasachtaithe a bhfuil riaráiste morgáiste orthu a chaighdeánú

- **An tSeirbhís Réitigh Riaráiste Morgáiste**

Seoladh *Abhaile* go hoifigiúil sa bhliain 2016. Is é an tseirbhís réitigh riaráiste morgáiste é. Seasann an tseirbhís náisiúnta nua seo d'athrú ar an dóigh a soláthraíonn an Stát cúnamh. Cuireann an tseirbhís sainchomhairle agus saintacaíocht neamhspleách ar fáil saor in aisce maidir le ceistanna airgeadais agus dlí. Is é an príomhchuspóir atá aici cabhrú le daoine fanacht ina dteach nuair is féidir. Cuireadh tús leis an scéim ag deireadh mhí Iúil. Tríd an scéim, déantar cur chun feidhme ar roinnt gealltanais atá tugtha sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta chun cabhrú le teaghlach fanacht ina dteach trí theacht ar réitigh inbhuanaithe i gcásanna riaráiste morgáiste. Tugtar do chliant incháilithe dearbháin is féidir leo a úsáid chun sainchomhairle a fháil ó chomhairleoirí airgeadais agus dlí ionas gur féidir leo a bhfadhbanna fiachais a réiteach. Chomh maith leis sin, is féidir leo cúnamh a fháil sa chúirt nuair is gá, rochtain a fháil ar aturnaetha agus cabhair a fháil chun cúnamh dlíthiúil a ghnóthú. Is féidir leo comhairle airgeadais a fháil ó chomhairleoir tiomnaithe Riaráiste Morgáiste, ó Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta agus ó chuntasóir freisin.

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann a bheith ag comhlíonadh a cuid feidhmeanna i ndáil le dócmhainneacht phearsanta agus le nithe féimheachta

- **Tosach feidhme an Achta Féimheachta (Leasú), 2015**

Bhí an tAcht tosaithe ina iomláine faoi mhí an Mheithimh 2016. Foráiltear leis don ghnáth-thréimhse féimheachta a laghdú ó 3 bliana go bliain amháin; do ghnáth-thréimhse uasta na n-orduithe lena gceanglaítear íocaíochtaí le creidiúnaithe ó ioncam ar bith an fhéimhig a laghdú ó 5 bliana go 3 bliana; agus don téarma féimheachta a mhéadú (go suas le 15 bliana i gcásanna tromchúiseacha). Foráiltear leis freisin do thréimhse na n-íocaíochtaí le creidiúnaithe a mhéadú i gcás go ndéanann an féimheach iarracht Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann a chur ar míthreoir maidir le fíorluach a (h)ioncaim, i gcás go gceileann an féimheach a s(h)ócmhainní trí iad a aistriú chuig tríú páirtithe, nó i gcás nach gcomhoibríonn an féimheach leis an bpróiseas féimheachta. Faoi réir aon mhorgáiste, déanfaidh féimheach úinéireacht a t(h)í a athghnóthú tar éis tréimhse 3 bliana ar choinníoll nach ndearnadh bearta chun an teach a dhíol chun tairbhe do chreidiúnaithe laistigh den tréimhse sin. Áirítear leis an Acht freisin roinnt athchóirithe tábhachtacha a bhfuil mar aidhm leo nósanna imeachta féimheachta a nuachóiriú agus a chúichóiriú agus laghdú a dhéanamh ar mhoilleanna agus costais neamhriachtanacha do na páirtithe lena mbaineann agus don cháiníocóir araon.

3.6 Córas Éifeachtúil, Freagrúil agus Cothrom maidir le hInimirce, Tearmann agus Saoránacht

AN DUL CHUN CINN A RINNEADH SA RÉIMSE SEO LE LINN NA BLIANA 2016

Cónaí: Cónaí in Éirinn chun Críocha Oibre, Staidéir nó Teaghlaigh

- Saoránaigh neamh-LEE a bhfuil cónaí orthu in Éirinn

Ceanglaítear ar gach náisiúnach neamh-LEE atá ag cónaí sa Stát le níos mó ná 90 lá clárú leis an nGarda Síochána. Tá cead chun cónaí in Éirinn ag thart ar 115,000 duine de náisiúnaigh neamh-LEE faoi láthair, i gcomparáid le 114,000 duine ag deireadh na bliana 2015. Is anseo chun críocha oibre nó staidéir atá formhór na ndaoine a bhfuil cead acu chun fanacht sa Stát.

- Iarratais ar chead chun cónaí sa Stát a dhéantar chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce


Ní mór cineálacha áirithe iarratais chun cónaí sa Stát a dhéanamh chuig an Aire tríd an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce. A luaithe a dheonófar cead dóibh, ní mór do na daoine lena mbaineann clárú mar chónaitheoir dlíthiúil leis an nGarda Síochána. Fuair Rannán Cónaithe na Seirbhíse Eadóirseachta agus Inimirce thart ar 14,500 iarratas den sórt sin sa bhliain 2016.

Dianrialú leanúnach a dhéanamh ar theorainneacha agus nósanna imeachta inimirce na hÉireann chun mí-úsáid an chórais inimirce a chomhrac

- Díbirtí agus Aistrithe Amach ón Stát

Rinneadh thart ar 4,446 dhuine a dhíbirt/a aistriú amach ón Stát sa bhliain 2016. Cuimsíonn an figiúr sin 3,951 dhuine ar náisiúnaigh neamh-AE iad ar diúltaíodh dul isteach sa Stát dóibh ag calafoirt iontrála agus a fillleadh ar ais chuig an áit as ar tháinig siad. Ina theannta sin, díbríodh 428 nduine d'iarrthóirí neamhrathúla tearmainn agus d'imircigh neamhdhleathacha ón Stát; fillleadh 67 nduine de náisiúnaigh AE ar ais ar a dtír thionscnaimh de bhun Ordú Aistrithe AE; agus aistríodh 42 iarrthóir tearmainn chuig an mBallstát AE ina ndearna siad iarratas ar thearmann den chéad uair faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath.

Roghnaigh 187 nduine san iomlán fillleadh abhaile go deonach sa bhliain 2016. Fuair 143 dhuine díobh cúnamh ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce ina leith sin.



A bhuí leis na hathruithe tábhachtacha atá déanta ar na hAchtanna Inimirce, mar a foráladh dóibh san Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, neartófar cumas an Stáit chun orduithe díbeartha a fhorfheidhmiú i gcúinsí áirithe ina bhféachann an duine is ábhar don ordú lena d(h)íbert a sheachaint nó le teacht trasna uirthi. Leis na leasuithe sin, cuirfear feabhas ar éifeachtacht na bhforálacha reachtacha reatha lena gceadaítear neamhnáisiúnaigh a bhfuil ordú díbeartha i bhfeidhm ina n-aghaidh a ghabháil, a choinneáil agus a aistriú amach agus daoine ar diúltaíodh cead chun teacht chun talún dóibh a aistriú amach ón Stát.

- [Comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar Bheartas Inimirce na hÉireann maidir le daoine neamh-LEE atá ag iarraidh dul ar scor in Éirinn](#)

Tá sruth leanúnach iarratas faighte le roinnt bliana anuas ó dhaoine ar scor atá ag iarraidh teacht chun cónaí in Éirinn. Fuarthas 100 iarratas den sórt sin sa bhliain 2015. Athnuadh 150 ceann eile de cheadanna a deonaíodh i mblianta roimhe sin freisin. Ar mhaithe le tuilleadh soiléire agus comhsheasmhachta a chur ar fáil sa réimse sin, agus ar mhaithe le haird a thabhairt ar roinnt de na saincheistanna eacnamaíocha lena mbaineann, foilsíodh treoir ar an ábhar ar shuíomh Gréasáin Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann i mí an Mhárta 2015. I bhfianaise na taithí atá gnóthaithe ó shin i leith, sheol an tAire comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar bheartas inimirce na hÉireann maidir le daoine neamh-LEE atá ag iarraidh dul ar scor in Éirinn. Bhí sé mar aidhm leis an gcomhairliúchán tuairimí páirtithe leasmhara a fháil ar an toradh ar an athbhreithniú inmheánach a rinneadh.

Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na príomhathruithe a moladh:

- Togra chun an ceanglas glanioncaim bhliantúil atá ar iarratasóirí a laghdú ó €50,000 in aghaidh an iarratasóra go €40,000 in aghaidh an iarratasóra (€60,000 i gcás iarratas comhphárteach ó lánúin);
- Togra chun ceanglas éigeantach réamh-imréitigh a thabhairt isteach d'iarratasóirí seachas iarratais a cheadú ó dhaoine atá sa tír cheana féin, mar a tharlaíonn faoi láthair;
- Togra chun an scéim a theorannú do dhaoine neamh-LEE atá ar scor agus atá in ann a thaispeáint go bhfuil dlúthcheangal acu leis an tír seo.

- [Socruithe Nua maidir le hOibrithe neamh-LEE a Fhostú sa Tionscal Iascaireachta](#)

Leathnú ar an Scéim Oibre Neamhthipiciúla atá á riar ag Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann is ea an Scéim seo. Tá sí á tabhairt isteach de bhun sraith moltaí a rinne an Tascfhórsa Rialtais um Oibrithe Neamh-LEE i gCabhlach Iascaireachta na hÉireann i mí na Nollag 2015. Tugtar leis an Scéim creat struchtúrtha trédhearcach le haghaidh oibrithe neamh-LEE a fhostú laistigh de dheighleoga ainmnithe de chabhlach iascaireachta mara tráchtála na hÉireann. Le ceanglais na Scéime, íoslaghdófar an baol go ndéanfar dúshaothrú ar oibrithe agus cinnteofar go mbeidh na cearta agus na cosaintí fostaíochta cuí uile ag oibrithe le linn a dtréimhse fostaíochta. Ón 15 Bealtaine 2016 i leith, ní mór do gach oibrí neamh-LEE a bhfuil ar intinn acu obair sa tionscal iascaireachta Cead Oibrí Neamhthipiciúil a fháil ón tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce agus imréiteach víosa a bhaint amach sula rachaidh siad isteach sa Stát.

- [Slándáil Fheabhsaithe sa Phróiseas Inimirce](#)

Lean Éire le sraith leathan tionscnamh a chur ar aghaidh ar mhaithe le slándáil teorann a neartú. I mí na Samhna 2016, chruthaigh an Garda Síochána nasc uathoibríthe le bunachar sonraí INTERPOL i ndáil le Doiciméid atá Goidte nó Cailte do gach aerfort idirnáisiúnta agus do gach calafort sa Stát. Cuardaíodh níos mó ná 700,000 doiciméad laistigh den chéad ocht seachtaine ó tosaíodh ar sheiceálacha córasacha a dhéanamh tríd an mbunachar sonraí. Diúltaíodh dul isteach in Éirinn do roinnt daoine tar éis foláireamh a fháil tríd an gcóras. Ina theannta sin, bhíodhas in ann éilimh chalaoiseacha a bhrath níos luaithe mar thoradh ar chóras a tugadh isteach chun feabhas a chur ar na seiceálacha a dhéantar ar dhoiciméid aitheantais mar chuid den phróiseas Saoránachta.

Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann

- [Cuireadh Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann ar bun i mí Mheán Fómhair 2015 mar chuid den fhreagairt ón Rialtas don ghéarchéim imirce agus dídeanaithe i lár agus deisceart na hEorpa. Is é an aidhm atá leis tearmann a chur ar fáil do dhaoine atá ar lorg cosaint idirnáisiúnta.](#)

Bhí 240 duine glactha isteach ag Éirinn faoi chóras gealltanais athshocraithe an Aontais Eorpaigh faoi dheireadh na bliana 2016. Ba theaghlach Shiriacha ón nGréig a bhí i bhformhór na ndaoine sin. Tá ag éirí go han-mhaith leis an gclár i ndáil leis an nGréig anois agus comhlíonfaidh Éire a lánoibleagáid don tír sin. Ós rud é nach gceadaíonn an Iodáil d'fhórsaí póilíneachta seachtracha measúnuithe slándála ceadanna a dhéanamh ar a críoch, áfach, níl Éire in ann iarrthóirí tearmainn a ghlacadh ón tír sin faoi láthair. Tá na húdaráis in Éirinn ag obair lena gcomhghleacaithe san Iodáil go fóill chun an ghné sin den chlár athshocraithe a réiteach. Thastil foirne de chuid an Chláir Chosanta Dídeanaithe agus an Garda Síochána chuig an Aithin chun agallamh a chur ar ghrúpaí iarrthóirí tearmainn atá le teacht go hÉirinn. Chuaigh pearsanra oilte ó Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, in éineacht le foirne de chuid an Chláir Chosanta chun agallamh a chur ar mhionaoisigh gan tionlacan. Bhuail siad le hoifigigh na Gréige maidir le mionaoisigh gan tionlacan ón tír a iontógáil ar bhonn rialta freisin.


Bille Cosanta a thabhairt isteach lena bhforálfar do Nós Imeachta Aonair d'Iarratasóirí ar Chosaint agus a mbeidh mar aidhm leis tréimhsí próiseála a laghdú agus, dá thoradh sin, laghdú a dhéanamh ar an am a chaitear sa Chóras Soláthair Dhírigh

- [An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015](#)

Rinne Frances Fitzgerald TD, an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, príomhfhórlacha an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, a thosú an 31 Nollaig 2016. Foráiltear leis an Acht do nós imeachta iarratais aonair a thabhairt isteach do dhaoine atá ar lorg cosaint idirnáisiúnta. Le hAcht 2015, cuirtear próiseas iarratais aonair in ionad córas seicheamhach iarratais ar thearmann, a fhágann go bhfuil Éire ar chomhréim anois leis na socrúithe próiseála atá i bhfeidhm ag gach Ballstát eile den Aontas. Tá an tAcht ar an athchóiriú is suntasaí ar an réimse iarratais ar chosaint idirnáisiúnta le fiche bliain anuas. Cinnfear leis an bpróiseas iarratais aonair nua cinnteacht stádais ag céim níos luaithe dóibh siúd atá i dteideal cosaint idirnáisiúnta a lorg laistigh den Stát.

Maidir le gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanfar ón 31 Nollaig 2016 i leith, próiseálfar iad faoi na socruithe nua atá i bhfeidhm san Oifig nua um Chosaint Idirnáisiúnta i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (a ghlacfaidh áit Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe). Is é an Binse Achomhairc nua um Chosaint Idirnáisiúnta (a ghlacfaidh áit an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe) a éistfidh aon achomhairc a thiocthaidh chun cinn. Tosaíodh trí fhoráil saorsheasaimh ar leith a bhaineann le hinimirce agus le díbert níos luaithe sa bhliain 2016.

Iarratais ar thearmann



Fuarthas 2,244 iarratas ar thearmann sa bhliain 2016, i gcomparáid leis na 3,276 cinn a fuarthas sa bhliain 2015 (laghdú 32%). Tá an laghdú sin ar fad, beagnach, inchurtha i leith an laghdaithe ar an líon iarratas a fuarthas ón bPacastáin agus ón mBanglaidéis. Ba ag cuid mhór d'iarratasóirí den sórt sin a bhí stair inimirce sa Ríocht Aontaithe roimhe sin.

Cosaint Choimhdeach

D'éirigh le hOifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an líon cásanna cosanta coimhdí a bhí os a comhair a laghdú. Phróiseáil sí 641 chás chun críche sa bhliain 2016. Bhí 406 chás ar feiteamh ag deireadh na bliana. Bhí 64 cinn de na cásanna sin le próiseáil faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Choimhdeach), 2013, agus bhí na cásanna eile le próiseáil faoi fhorálacha eatramhacha an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.

Grúpa Oibre a bhunú chun a mholadh don Rialtas cé na feabhsuithe ba cheart a dhéanamh ar na próisis chosanta/Soláthair Dhírigh atá i bhfeidhm ag an Stát faoi láthair.

- Rinneadh an 'Tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar an bPróiseas Cosanta, lena n-áirítear Soláthar Díreach agus tacaí d'iarrthóirí tearmainn' a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid an Rialtais i mí an Mheithimh 2015. Cuireadh 173 mholadh i láthair inti.

Ba ag cruinniú de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha an 16 Meitheamh 2016 a soláthraíodh an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn ar an 'Tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar Fheabhsuithe ar an bPróiseas Cosanta, lena n-áirítear Soláthar Díreach agus Tacaí eile d'iarrthóirí Tearmainn'. Thuairiscigh an Tánaiste go bhfuil 91 mholadh san iomlán curtha chun feidhme go hiomlán, go bhfuil 49 gcinn eile curtha chun feidhme go páirteach nó á gcur chun feidhme go fóill, agus go bhfuil na cinn eile fós á mbreithniú.

Ceann de na príomh-mholtaí ón nGrúpa Oibre ba ea nós imeachta iarratais aonair a thabhairt isteach don phróiseas cosanta. Foráiltear do nós imeachta den sórt sin leis an Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, a tosaíodh an 31 Nollaig 2016. Freagraítear leis an Acht do 26 cinn de na moltaí ón nGrúpa Oibre agus táthar ag súil leis go mbeidh tionchar dearfach aige ar an obair ríthábhachtach a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an bhfad ama a chaitheann iarratasóirí sa phróiseas agus sa chóras Soláthair Dhírig. Tá an fad ama sin ar cheann de na príomhábhair imní atá ag an nGrúpa Oibre.

Maidir le formhór na ndaoine a sainaitníodh sa Tuarascáil mar dhaoine a bhfuil níos mó ná cúig bliana caite acu sa chóras Soláthair Dhírig agus nach raibh aon bhaic ann ar dhul chun cinn a gcásanna, amhail imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bheith ar feitheamh, meastar go bhfuil a gcásanna próiseáilte chun críche anois. Is sáréacht é sin. Thuairiscigh an Tascfhórsa a bunaíodh chun scrúdú a dhéanamh ar na tacaí tábhachtacha imeasctha atá ar fáil gur bhog 87% de na daoine ar deonaíodh stádas dóibh isteach sa mhórphobal laistigh de thréimhse sé mhí ón stádas a dheonú. Rinneadh dul chun cinn freisin ar fheabhas a chur ar shaol laethúil iarrthóirí tearmainn in Éirinn fad a bhíonn a n-iarratas á bpróiseáil. Fógraíodh méadú ar an Liúntas Soláthair Dhírig do leanaí i mí Eanáir. Bhí sé sin ar an gcéad mhéadú den sórt sin ó tugadh an íocaíocht isteach thart ar shé bliana déag ó shin. Chomh maith leis sin, tarscaoileadh táillí oidis do gach cónaitheoir Soláthair Dhírig, idir dhaoine fásta agus leanaí. Rinneadh dul chun cinn ar shaincheistean amhail rochtain ar áiseanna cócaireachta agus méadú ar spás maireachtála freisin. Ag teacht sna sála ar shraith díospóireachtaí inmheánacha le baill foirne oibríochta, tá roinnt ionad sainaitheanta anois ar a ndíreofar iarrachtaí chun méadú a dhéanamh ar an spás maireachtála atá ar fáil do gach teaghlach agus chun áiseanna comhchoiteanna nó féinfhrestail a thabhairt isteach. Tá áiseanna agus córais á suiteáil i roinnt ionad faoi láthair chun an soláthar agus an dáileadh bia úir do chónaitheoirí a bhainistiú. Faoi dheireadh na bliana, bhí dea-dhul chun cinn déanta ar shocruithe chun rochtain a thabhairt d'iarratasóirí ar chosaint ar Oifig an Ombudsman agus ar Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Rialuithe inimirce túslíne a sibhialtachú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag príomhchalafoirt iontrála eile

- **Nósanna imeachta rialaithe inimirce túslíne a sibhialtachú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath**
I mí Mheán Fómhair 2014, d'fhógair an tAire Fitzgerald mórchlár a raibh mar aidhm leis na feidhmeanna inimirce a bhí á gcomhlíonadh ag baill den Gharda Síochána ag an am a sibhialtachú. Ceann de na feidhmeanna atá le sibhialtachú is ea seiceálacha inimirce túslíne ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. An 22 Meitheamh 2015, ghlac Oifigigh Inimirce ó Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann lánfhreagracht 24 huair sa lá, 7 lá sa tseachtain as seiceálacha pas ag Críochfort 1. Cuirfear an t-aistriú feidhmeanna ag Críochfort 2 i gcrích sa bhliain 2017. Beidh beagnach 150 ball foirne sibhialtach imlonnaithe san aerfort faoin am sin, rud a fhágann go mbeifear in ann an líon coibhéseach Gardaí a scaoileadh chun dualgais oibríochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear imscrúduithe a dhéanamh ar choireacht a bhaineann le hinimirce amhail smuigleáil daoine agus iarratais chalaoiseacha ar chónaí sa Stát. Rinne na seirbhísí inimirce ag dhá chríochfort an aerfoirt 13.8 milliún paisinéir a phróiseáil sa bhliain 2016. Bhí Aerfort Bhaile Átha Cliath níos gnóthaí

le linn na bliana ná am ar bith riamh, agus 27.9 milliún paisinéir ag taisteal trína chuid hallaí. Bhí sé sin cothrom le méadú 11% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Bhí an líon paisinéirí sa bhliain níos mó ná a cheithre oiread níos airde ná daonra na hÉireann freisin.

Oibríonn an tSeirbhís Bainistíochta Teorann go dlúth le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus le haerlínte chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís éifeachtach éifeachtúil do chustaiméirí. Mar chuid dá mórchlár bainistíochta teorann sa bhliain 2016, sheol an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce próiseas soláthair iomaíoch le haghaidh geataí uathobrithe féinriar rialaithe teorann a sholáthar.

An fheidhm clárúcháin timpeall líon beag mol a chuíchóiriú agus a shibhialtachú

- Ní mór do shaoránaigh ó thíortha lasmuigh de LEE nó ón Eilvéis a bhfuil cónaí orthu sa Stát le níos mó ná 90 lá a láithreach sa Stát a thaifeadadh go dlíthiúil trí phróiseas ar a dtugtar 'clárú'. Chláraigh 95,701 náisiúnach eachtrach sa bhliain 2016. Bhain thart ar 41% díobh sin le hiarratasóirí céaduaire agus bhain na cinn eile le daoine a raibh a gcónaí á athnuachan.


Le blianta fada anuas, tá an Garda Síochána ag cur seirbhísí Clárúcháin agus Ceada ar fáil ag a phríomhoifig i gCé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath, agus i dtuairim is 70 oifig dá chuid ar fud na tíre. Mar chuid de chlár a bhfuil mar aidhm leis sibhialtachú agus nuachóiriú a dhéanamh ar an dóigh a soláthraítear seirbhísí inimirce, aistríodh an fhreagracht as clárúithe i mBaile Átha Cliath ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chuig an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce sa bhliain 2016.

Is é an toradh a bheidh ar an aistriú ná go laghdófar an méid acmhainní a úsáidfídh an Garda Síochána ar an oifig clárúcháin i mBaile Átha Cliath a bhainistiú. Dá bharr sin, beidh sé in ann díriú ar réimsí oibríochta amhail imscrúdú a dhéanamh ar chionta a bhaineann le hinimirce. Toradh eile a bheidh air is ea go dtabharfar deis don tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce a cuid próiseas idir an oifig clárúcháin túslíne agus na haonaid chúloifige a chuíchóiriú chun páipéarachas a laghdú agus chun freagairt ar bhealach níos éifeachtúla do riachtanais chustaiméirí.

Maidir leis na baill foirne shibhialtacha de chuid an Gharda Síochána a bhí ag obair san oifig clárúcháin, aistríodh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais iad i mí Iúil 2016. Is í an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce a bhainistiú oibríochtaí na seirbhíse anois. Ar aon dul leis an aistriú sin, thug an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce roinnt athruithe ar a cuid próiseas isteach chun an t-éileamh ar an oifig a bhainistiú, go háirithe i dtús na bliana acadúla i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair. Mar shampla, cuireadh córas bainistíochta coinní i bhfeidhm chun iarratasóirí a chumasú am a chur in áirithe roimh ré dá gclárú, in ionad a bheith ag ciúáil.

Leanúint de shearmanais saoránachta a reáchtáil

Eisíodh 10,044 cinn de dheimhnithe saoránachta sa bhliain 2016. Tugann an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce faoi deara go mbíonn ag éirí le searmanais saoránachta go fóill agus gur reáchtáladh 9 n-ócáid den sórt sin sa bhliain 2016. Mar chuid de chomóradh Éirí Amach na Cásca, cuireadh searmanas speisialta saoránachta ar siúl i Halla na Cathrach, Port Láirge, áit ar ceiliúradh an chéad uair a d'ardaigh Thomas Francis Meagher an trídathach i bPort Láirge sa bhliain 1848.




Ó cuireadh athchóirithe forleithne ar an bpróiseas saoránachta chun feidhme sa bhliain 2011, rinneadh cinneadh ar níos mó ná 100,000 iarratas agus laghdaíodh an t-am próiseála d'fhormhór na n-iarratas caighdeánach ó 31 mhí go thart ar 6 mhí, beag beann ar an méadú suntasach a tháinig ar an líon iarratas bailí a fuarthas sa tréimhse sin. Ina theannta sin, bhíodhas in ann éilimh chalaoiseacha a bhrath níos luaithe mar thoradh ar chóras a tugadh isteach chun feabhas a chur ar na seiceálacha a dhéantar ar dhoiciméid aitheantais mar chuid den phróiseas Saoránachta.

Iarratais ar víosa agus iarratais inimirce a phróiseáil go tráthúil

- **An Líon Iarratas ar Víosa a Próiseáladh**

Fuarthas 124,225 cinn san iomlán d'iarratais ar víosa iontrála gearrfhanachta agus d'iarratais ar víosa iontrála fadrfhanachta araon sa bhliain 2016. Bhí sé sin cothrom le méadú 7% ar an bhfigiúr don bhliain 2015 agus le méadú carnach 41% ón mbliain 2012 i leith. Ba é 90% an ráta foriomlán ceadaithe d'iarratais ar víosa iontrála. Ba iad na 5 phríomhthír as a bhfuarthas iarratais ar víosa sa bhliain 2016 ná an India (20%), an tSín (13%), an Rúis (10%), an Phacastáin (8%) agus an Tuirc (5%). Próiseáladh beagnach 45,000 ceann d'iarratais ar víosa athiontrála sa bhliain 2016, rud a bhí cothrom le méadú 10% ar an bhfigiúr don bhliain 2015.



- **Coinní ar Líne**


Ar feadh roinnt blianta, bhíodh daoine ag ciúáil go luath ar maidin ag an Oifig Phoiblí i gCé an Bhúrcaigh i mBaile Átha Cliath gach lá agus iad ag féachaint le rochtain a fháil ar an tseirbhís clárúcháin agus ar an tseirbhís víosaí athiontrála thar an gcuntar. Sholáthraíodh an dá sheirbhís sin ar bhonn gach duine ar a sheal féin. Mar chuid dá clár oibre um sheirbhís do chustaiméirí, chuir an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce roinnt beart i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. I mí na Samhna 2015, seoladh córas áirithe ar líne lena gcumasaítear do chustaiméirí am a chur in áirithe dá n-iarratas ar víosa athiontrála a phróiseáil i gCé an Bhúrcaigh. Is féidir teacht ar an gcóras ag reentryvisa.inis.gov.ie. Is féidir le custaiméirí an tseirbhís sin a úsáid agus iarratas a dhéanamh tríd an bpost cláraithe anois. Mar sin, ní gá d'aon duine ciúáil a thuilleadh chun víosa athiontrála a fháil. Chuir níos mó ná 30,000 duine coinne don tseirbhís in áirithe ó seoladh an córas víosaí athiontrála suas go deireadh na bliana 2016.

Seoladh córas coinní ar líne do chlárúithe ag Oifig Inimirce Ché an Bhúrcaigh i mí Mheán Fómhair 2016. Is féidir teacht ar an gcóras trí shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Eadóirseachta agus Inimirce agus ag burghquayregistrationoffice.inis.gov.ie. Cuireadh an córas i bhfeidhm in am don tréimhse ghnóthach clárúcháin i dtús na bliana acadúla agus, ón am sin suas go deireadh na bliana, chuir níos mó ná 25,000 duine coinne don tseirbhís in áirithe. Cumasaítear leis an dá chóras sin do chustaiméirí dáta agus am a roghnú don tseirbhís a theastaíonn uathu. Ghlac siad áit na gcóras ticéadaithe a bhí i bhfeidhm roimhe sin.

Scéim Víosaí na Breataine-na hÉireann a chur i ngníomh, áit a nglacfar le hiarratais ón India agus ón tSín ar dtús

Ceadaítear leis an scéim do dhaoine a bhfuil víosa gearrfhanachta acu dul isteach in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe agus taisteal go saor idir an dá thír. Ba trí Scéim Víosaí na Breataine-na hÉireann a ceadaíodh 18,635 cinn de na víosaí a eisíodh sa bhliain 2016. Measann gníomhaireachtaí um chur chun cinn na turasóireachta go bhfuil ag éirí leis na scéimeanna sin óna mbunú agus go mbíonn siad ag cur leis na méaduithe leanúnacha ar an turasóireacht. Táthar ag súil go leanfaidh siad le borradh mór a chur faoi iarrachtaí chun tuilleadh cuairteoirí ó na tíortha lena mbaineann a mhealladh go hÉirinn. I gcomhar lenár gcomhpháirtithe sa Ríocht Aontaithe, tá meastóireacht á déanamh againn ar an scéim faoi láthair maidir leis an dóigh a bhfuil ag éirí léi sa tSín agus san India.

Tosófar ar an scéim a leathnú chuig láithreacha eile a luaithe a bheidh an mheastóireacht críochnaithe. Thángthas ar chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe chun 3 cinn eile d'lonaid iarratais ar Víosa a chomhroinnt sa tSín, agus tá an cead riachtanach ó údaráis na Síne á lorg faoi láthair. Má fhaightear an cead sin, méadóidh an líon lonad ó 12 cheann go 15 cinn.



- [Feabhsuithe ar Shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Eadóirseachta agus Inimirce](#)

Chuir an tSeirbhís Eadóirseachta agus Inimirce athfhorbairt a suímh Ghréasáin www.inis.gov.ie ar aghaidh le linn na bliana 2016, agus é mar aidhm aici ábhar atá níos dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar. Rinneadh an treoir maidir le Saoránacht, Clárú, Tearmann agus Inimirce agus an fhaisnéis teagmhála do chustaiméirí a ollchóiriú go hiomlán ar mhaithe le faisnéis a thabhairt do chustaiméirí ar bhealach níos soláimhsithe agus níos iomasaí.

Eolas agus faisnéis a mhalartú lenár gcomhpháirtithe sa Ríocht Aontaithe

- [Sonraí inimirce a chomhroinnt idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe](#)

Gné leanúnach den phróiseas iarratais ar víosa in Éirinn is ea bithmhéadracht a bhailiú. Maidir leis sin, cuireadh córais i bhfeidhm chun gur féidir faisnéis a chomhroinnt agus a chros-seiceáil ar bhealach uathoibríthe rianúil. Tosaíocht leanúnach don Roinn atá i bhfeabhas a chur ar an acmhainn bailithe faisnéise agus ar an malartú faisnéise ar mhaithe le slándáil taistealaithe agus rialú imirce a fheabhsú, agus tá roinnt tionscadal fadtéarmach ar siúl ina leith sin.

Comhar leanúnach le Rialtas na Ríochta Aontaithe

- [Imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus an Comhlimistéar Taistil](#)

Chuir Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe araon in iúl go bhfuil rún láidir acu go gcoinneofaí an Comhlimistéar Taistil ar bun tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach. Tá an Roinn ina cathaoirleach ar cheardlann thras-Rannach ar an gComhlimistéar Taistil, rud a bhfuil mar aidhm léi na saincheistanna a bhíonn ag teacht aníos a mheas agus cabhrú le cur chuige an Rialtais i leith idirbheartaíocht Airteagal 50 a ullmhú.

4 - FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH

4.1 - Soláthar foirne

Seasann an figiúr thíos don líon iomlán ball foirne atá á mbainistiú ag an Roinn nó tríd an Roinn. Áirítear leis an bhfigiúr, i measc daoine eile, baill foirne in Oifig an Phaiteolaí Stáit, in Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann, sa tSeirbhís Phromhaidh, in Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, i Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus i gceanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

4.2 - Soláthar foirne ag an 31 Nollaig 2016

Soláthar Foirne na Roinne Dí agus Cirt agus Comhionannais agus Oifigí agus Gníomhaireachtaí gaolmhara ag an 31 Nollaig 2016		
Leibhéal gráid	Grád/Teideal	Líon
Ard-Rúnaí	Ard-Rúnaí	1.0
Leas-Rúnaí	Leas-Rúnaí	1.0
	Paiteolaí Stáit	0.8
	Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann	1.0
Rúnaí Cúnta	Rúnaí Cúnta	7.0
	Ard-Stiúrthóir (Gníomhach) Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann	1.0
	Leas-Phaiteolaí Stáit	2.0
	Coimisinéir Cosanta Sonraí	1.0
	Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh	1.0
	Stiúrthóir Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	1.0
	Stiúrthóir um Chúram agus Athshlánú, Seirbhís Phríosúin na hÉireann	1.0
	Príomhchigire, Cigireacht an Gharda Síochána	1.0
	Stiúrthóir Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann	1.0
Príomhoifigeach	Príomhoifigeach	86.3
Príomhoifigeach Cúnta	Príomhoifigeach Cúnta	166.4
	Eolaí Fóiréinseach	41
	Cuntasóir Gairmiúil	10.8
	Oifigeach Promhaidh Sinsearach	45.5
	Aturnae	5
Oifigeach Riaracháin	Oifigeach Riaracháin	27.5
	Eolaí Fóiréinseach	20
	Anailísí Saotharlainne	10
	Oifigeach Promhaidh	204.8
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	Ardoifigeach Feidhmiúcháin	219.5
	Anailísí Saotharlainne Sinsearach	8
Oifigeach Feidhmiúcháin	Oifigeach Feidhmiúcháin	359.3
Oifigeach Foirne	Oifigeach Foirne	22.8
Oifigeach Cléireachais	Oifigeach Cléireachais	616.7
Oifigeach Seirbhíse	Oifigeach Seirbhíse	44.9
Maoirseoirí Seirbhíse Pobail	Maoirseoirí Seirbhíse Pobail	45
IOMLÁN		1955.3

4.3 - Táblaí Airgeadais

Toradh Ghrúpa an Vóta Dlí agus Cirt 2016 agus Buiséad Ghrúpa an Vóta Dlí agus Cirt 2017

Ollchaiteachas Reatha

Vóta	Toradh 2016 €,000	Buiséad 2017 €,000
An Garda Síochána	1,479,816	1,522,878
Na Príosúin	303,507	305,044
An tSeirbhís Chúirteanna	75,952	79,397
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	28,563	27,731
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	388,292	436,610
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	4,674	6,531
An tÚdarás Póilíneachta	1,106	2,712
An Oifig Luachála	9,129	11,368
Iomlán	2,291,039	2,392,271

Ollchaiteachas Caipitiúil

Vóta	Toradh 2016 €,000	Buiséad 2017 €,000
An Garda Síochána	84,102	89,070
Na Príosúin	21,534	22,330
An tSeirbhís Chúirteanna	36,413	60,683
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	236	560
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	1,550	7,405
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	1,534	100
An tÚdarás Póilíneachta	-	-
An Oifig Luachála	-	-
Iomlán	145,369	180,148

Leithreasáí-i-gCabhair

Vóta	Toradh 2016 €,000	Buiséad 2017 €,000
An Garda Síochána	123,894	106,002
Na Príosúin	13,440	12,584
An tSeirbhís Chúirteanna	47,780	47,828
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	750	506
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	64,949	60,693
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	153	109
An tÚdarás Póilíneachta	31	58
An Oifig Luachála	1,139	1,129
Iomlán	252,136	228,909

Glanchaiteachas (Reatha agus Caipitiúil)

Vóta	Toradh 2016 €,000	Buiséad 2017 €,000
An Garda Síochána	1,440,024	1,505,946
Na Príosúin	311,601	314,790
An tSeirbhís Chúirteanna	64,585	92,252
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	28,049	27,785
Dlí agus Ceart agus Comhionannas	324,893	383,322
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	6,055	6,522
An tÚdarás Póilíneachta	1,075	2,654
An Oifig Luachála	7,990	10,239
Iomlán	2,184,272	2,343,510

Íocaíochtaí Prasa

Tá an fhaisnéis seo leagtha amach ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2016

I gcomhréir leis an oibleagáid reachtúil atá uirthi, tá an Roinn ar an mbealach ceart faoi láthair i dtreo úsáid fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020 (i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2009, arb í an bhliain bhonnlíne í). Cuirtear tuairisceáin faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar bhonn bliantúil. Tá an scórchárta feidhmíochta atá bunaithe ar na tuairisceáin sin leagtha amach thíos.

Tríd is tríd, tá Gníomhaireachtaí na Roinne freagrach as a n-úsáid fuinnimh féin a thuairisciú don Údarás. Mar sin, níl úsáid fuinnimh na nGníomhaireachtaí sin ar áireamh sna figiúirí seo.

Maidir leis na hoifigí atá ar áireamh sa tuarascáil seo, d'úsáid siad na leibhéil fuinnimh seo a leanas thar na trí bliana seo a chuaigh thart:

Bliain	Leictreachas (kWh)	Gás (kWh)	Ola (lítear)	Díosal (lítear)
2016	3,224,869	1,940,628	39,415	924
2015	3,658,573	2,059,010	29,141	1,395
2014	3,847,118	1,643,883	32,656	1,716

Tionscnaimh a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana 2016

Le linn na bliana 2016, lean an Roinn de bheith ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí tríd an bhfeachtas um Chumhacht a Bharrfheabhsú ag an Obair, agus é mar aidhm aici díriú ar fheachtais feasachta foirne, ar athrú iompraíochta a bhaint amach agus ar thionscadail mhionoibreacha lena gcruthaítear coigiltí ó thaobh úsáid fuinnimh de.


Dul chun cinn in aghaidh na bonnlíne (an bhliain 2009 go deireadh na bliana 2016)



Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh (TFF) – 2016

TFF 2016 = 202 kWh/Achar Urláir (m²)

TFF Sprice = 201 kWh/Achar Urláir (m²)



6.4% níos fearr ná 2015 

32.9% níos fearr ná an bhonnlíne 

Feabhas 0.1% ag teastáil faoin mbliain 2020 

15.1% níos fearr ná an 'chonair' sprice 

Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh I (2016)


Leictreachas = 151 $\frac{\text{kWh}}{\text{Achar Urláir (m}^2\text{)}}$

8.8% níos fearr ná 2015 

Fuinnimh Teirmeach = 50 $\frac{\text{kWh}}{\text{Achar Urláir (m}^2\text{)}}$

1.8% níos measa ná 2015 

Iompar = 0 $\frac{\text{kWh}}{\text{Achar Urláir (m}^2\text{)}}$

33.1% níos fearr ná 2015 

4.4 - Rialachas na Roinne ag an 31 Nollaig 2016

Baill den Bhord Bainistíochta:

Noel Waters, Ard-Rúnaí

Ken O'Leary, Leas-Ardrúnaí

Michael Donnellan, Ard-Stiúrthóir, Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Michael Flahive, Rúnaí Cúnta, an Dlí Coiriúil

Jimmy Martin, Rúnaí Cúnta, Beartas Idirnáisiúnta agus Beartas Príosún agus Promhaidh

Peter Mullan, Rúnaí Cúnta, Coireacht agus Slándáil

Conan McKenna, Rúnaí Cúnta, Athchóiriú an Dlí Shibhialta agus Beartas Cúirteanna

Oonagh McPhillips, Rúnaí Cúnta, Gnóthaí Corparáideacha

John O'Callaghan, Rúnaí Cúnta, an Rannán Póilíneachta

Carol Baxter, Rúnaí Cúnta, Ceann Seirbhísí Tearmainn, Imeachta agus Comhionannais

Michael Kirrane, Ard-Stiúrthóir Gníomhach, Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann

Vivian Geiran, Stiúrthóir, an tSeirbhís Phromhaidh

Marion Walsh, Stiúrthóir, Coireacht agus Slándáil

Eugene Banks, Leaschathaoirleach, Fóram na bPríomhoifigeach

Tom Maguire, Príomhoifigeach, an tAonad Athchóirithe agus Forbartha

Andrew Munro, Cathaoirleach, Fóram na bPríomhoifigeach

Patrick Forsyth, Ceann Cumarsáide agus na Rúnaíochta Corparáidí

Martina Colville, Ceann Acmhainní Daonna Straitéiseacha

Rúnaí don Bhord: Bernadette Phelan, Príomhoifigeach Cúnta, an Rúnaíocht Chorparáideach

Baill den Choiste Iniúcháireachta

Tagann Vóta 24 (Dlí agus Ceart) agus Vóta 21 (Seirbhís Phríosúin na hÉireann) faoi shainchúram an Choiste Iniúcháireachta. Tá an Coiste ina chuid lárnach de chreat rialachais na Roinne. Tá sé de chúram air comhairle neamhspleách a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir lena oiriúnaí agus lena láidre atá na córais agus na nósanna imeachta um rialú inmheánach laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é ról comhairleach, agus ní ról maoirseachta, an ról a chomhlíonann an Coiste.

Con Haugh (Cathaoirleach Seachtrach)

Carol Bolger (Ball Seachtrach)

Robert Cashell (Ball Seachtrach)

Brian Duffy (Ball Seachtrach)

James Martin (Ball ón Roinn)

Baill den Choiste Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca ionadaíoch do na réimsí feidhme éagsúla atá ann sa Roinn. Is é an ról atá aige maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta riosca, go háirithe chun a chinntiú go mbíonn an próiseas sin á fheidhmiú de réir mar atá beartaithe, athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na gclár rioscaí agus tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta ar an bpróiseas.

John O'Callaghan, Rúnaí Cúnta, an Rannán Póilíneachta (Cathaoirleach)

Aisling Brennan, Príomhoifigeach Cúnta, an tAonad um Rochtain ar Fhaisnéis

Alec Dolan, Príomhoifigeach Faisnéise

Michael Donnellan, Ard-Stiúrthóir, Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Eileen Leahy, Príomhoifigeach, Seirbhísí Corparáideacha

Walter Johnston, Príomhoifigeach, Iniúcháireacht Inmheánach

Tom Maguire, Príomhoifigeach, an tAonad Athchóirithe agus Forbartha

Oonagh McPhillips, Rúnaí Cúnta, Gnóthaí Corparáideacha

Deaglán Ó Briain, Príomhoifigeach, an Rannán Comhionannais

Madeleine Reid, Príomhoifigeach, Athchóiriú an Dlí Shibhialta

Ben Ryan, Príomhoifigeach, Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann

George Trimble, Príomhoifigeach, an Rannán Póilíneachta

Dermot Woods, Príomhoifigeach, Coireacht agus Slándáil

Rúnaí don Choiste: Conor Brennan, an tAonad Athchóirithe agus Forbartha

Baill den Ghrúpa Rialachais TFC

Tá an Grúpa Rialachais TFC freagrach as bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Treoirphlean um Chumarsáid, Faisnéis, Bainistíocht Taifead agus Sonraí atá i bhfeidhm ag an Roinn, rud atá ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de chlár athchóirithe na Roinne. Tá sé freagrach freisin as caiteachas ar thionscadail TFC a cheadú agus as faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas sin. Chomh maith leis sin, déanann an Grúpa maoirseacht ar fhorbairtí a bhfuil mar aidhm leo comhdhlúthú agus cuimsiú TFC a mhéadú laistigh den Earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tacú le Straitéis TFC na hEarnála Poiblí agus cumarsáid agus slándáil a fheabhsú.

Oonagh McPhillips, Rúnaí Cúnta, Gnóthaí Corparáideacha (Cathaoirleach)

Alec Dolan, an Straitéis Soláthair (Leaschathaoirleach)

John Kennedy, Ceann an Rannáin TFC (de bhrí oifige)

Seamus Clifford, Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

George Trimble, an Rannán Póilíneachta

George Jackson, Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Greg McDermott, iar-Cheann Gnóthaí Corparáideacha, an tÚdarás Clárúcháin Maoine


Niamh Corby, na Coimisinéirí Ioncaim

John Farrelly, Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Rialála Carthanais

Mary O'Regan, Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann

Rúnaí don Ghrúpa: David Spratt, an Rannán TFC

AGUISÍN 1: CAIRT EAGRÚCHÁIN



AGUISÍN 2: COMHLACHTAÍ ATÁ FAOI CHOIMIRCE NA ROINNE

	Comhlacht	Feidhm	Modh/Tráth Bunaithe	An Rannán lena mBaineann
COMHLACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN (REACTÚIL): Is comhlachtaí iad seo ag a bhfuil feidhm imscrúdúcháin a bunaíodh le dlí.				
1	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	Gearáin a fháil ó dhaoine den phobal maidir le hiompar ball den Gharda Síochána, cumhacht a fheidhmiú i leith na ngearán sin, treoirlínte a eisiúint, na torthaí ar imscrúduithe a thuairisciú do Choimisinéir an Gharda Síochána agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, de réir mar is cuí, agus prótacail a tharraingt suas.	Acht an Gharda Síochána 2005	An Rannán Póilíneachta
2	Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí	Caighdeáin, cigireachtaí, imscrúdú agus forfheidhmiú i dtaca le cosaint sonraí pearsanta.	An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988	An tAonad Rialachais Shibhialta
3	An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta (ón 31/12/2016)	Imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ar lorg stádas dídeanaí, imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhéanaithe chun ligean do dhaoine dá dteaghlach dul isteach sa Stát agus cónaí ann, agus imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint choimhdeach.	An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015	Beartas Tearmainn/ SEIÉ
COMHLACHTAÍ RIALÁLA (REACTÚIL): Is comhlachtaí iad seo ag a bhfuil feidhm rialála a bunaíodh le dlí.				
4	An Bord um Chinsireacht Foilseachán	Cumhacht chun foilsiú leabhar nó tréimhseachán a mheasann an Bord a bheith gáirsiúil a thoirmeasc.	An tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1929	An tAonad Rialachais Shibhialta
5	An tÚdarás Rialála Carthanas	An Earnáil Carthanas a rialáil.	An tAcht Carthanas 2009	An tAonad Rialachais Shibhialta
6	Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	Scannáin, físeáin agus DVDanna a scrúdú agus a dheimhniú.	An tAcht um Scrúdóireacht Scannán, 1923, arna leasú	An tAonad Rialachais Shibhialta
7	An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach	An tionscal slándála príobháidí in Éirinn a rialáil agus a cheadúnú.	An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004	An Rannán Coireachta
8	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	Córas ceadúnúcháin a oibriú, caighdeáin a fhorfheidhmiú, gearáin a imscrúdú agus breith a thabhairt ina leith, agus ciste cúitimh a bhainistiú.	An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011	An tAonad Rialachais Shibhialta
COMHLACHTAÍ ACHOMHAIRC (REACTÚIL): Is comhlachtaí iad seo ag a bhfuil feidhm achomhairc a bunaíodh le dlí.				
9	An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán	Breithniú a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne Orduithe Toirmisc arna n-eisiúint ag an mBord um Chinsireacht Foilseachán.	An tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán, 1946	An tAonad Rialachais Shibhialta
10	An Bord Achomhairc um Aicmiú Scannán	Déileáil le hachomhairc a bhaineann le cinntí aicmithe arna ndéanamh ag Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann.	An tAcht um Scrúdóireacht Scannán, 1923, arna leasú	An tAonad Rialachais Shibhialta
11	An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach	Comhordú a dhéanamh ar achomhairc ó bhaill den tionscal slándála i gcoinne cinntí ceadúnúcháin arna ndéanamh ag an Údarás um Shlándáil Phríobháideach.	An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004	An Rannán Coireachta
12	An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine	Achomhairc i gcoinne cinntí áirithe arna ndéanamh ag an Údarás um Sheirbhísí Maoine a éisteacht agus a chinneadh.	An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011	An tAonad Rialachais Shibhialta
13	An Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta (ón 31/12/2016)	Breithniú a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne cinntí céadchéime tearmainn arna ndéanamh ag an gCoimisinéir Iarratais do Dhéanaithe.	An tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015	Beartas Tearmainn/ SEIÉ
14	An Binse Luachála	Déileáil le hachomhairc i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag an gCoimisinéir Luachála maidir leis an luacháil ar mhaoine tráchtála chun críocha rátála.	An tAcht Luachála, 1988	An tAonad Rialachais Shibhialta

GNÍOMHAIREACHTAÍ NEAMHREACTÚLA: Is comhlachtaí iad seo ar bhunaigh an tAire ar bhonn riaracháin iad.				
15	An Binse Cúitimh i leith Díobháil Coiriúla	Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chúiteamh ó dhaoine a ndearnadh díobháil dóibh nó a fuair bás de bharr coireacht fhoréigneach nó thar ceann na ndaoine sin.	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 1974	An Rannán Seirbhís Corparáideacha
16	Eolaíocht Fhóirínseach Éireann	Cúnamh a thabhairt i ndáil le himscrúdú a dhéanamh ar choireacht trí anailís agus sainchomhairle eolaíoch a chur ar fáil.	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 1975	An Rannán Póilínachta
17	Seirbhís Phríosúin na hÉireann	Coimeád slán sábháilte a chur ar fáil do dhaoine a chuireann na cúirteanna chun príosúin agus bainistiú a dhéanamh ar phianbhreitheanna coimeáda.	Achtanna na bPríosúin, 1826-2007	Beartas Príosúin agus Promhaidh
18	Oifig an Phaiteolaí Stáit	Comhairle neamhspleách a thabhairt faoi nithe a bhaineann le paiteolaíocht fhóirínseach agus scrúduithe iarbáis a dhéanamh i gcásanna ina meastar go bhfuil feall i gceist.		Beartas Príosúin agus Promhaidh
19	An Bord Parúil	Moltaí a dhéanamh maidir le bainistíocht pianbhreitheanna príosúnach.	Bunaíodh an comhlacht seo ar bhonn riaracháin i mí Aibreáin 2001	Beartas Príosúin agus Promhaidh
20	An tSeirbhís Phromhaidh	Maoirseacht phromhaidh, seirbhís phobail, fillleadh ar an bpobal, cláir um iompar ciontaíthe agus sainseirbhísí tacaíochta a chur ar fáil.	Probation of Offenders Act, 1907	Beartas Príosúin agus Promhaidh
OIFIGÍ FEIDHMIÚCHÁIN (COMHLACHTAÍ NEAMHREACTÚLA DE CHUID NA ROINNE): Is comhlachtaí iad seo a bunaíodh ar bhonn riaracháin laistigh den Roinn				
21	An tAonad Frithgháinneála ar Dhaoine	Comhordú a dhéanamh ar fhreagairt na hÉireann do gháinneáil ar dhaoine.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí Feabhra 2008	N/B
22	Cosc	Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc.	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 2007	N/B
23	An Lárúdarás um Fhuadach Idirnáisiúnta Leanaí	Tá an comhlacht seo mar chuid de Líonra Lárúdarás Náisiúnta atá ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Háige ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, 1980, i gCoinbhinsiún na Háige maidir le Dlíne, an Dlí is Infheidhme, Aitheantas, Forghníomhú agus Comhar i dtaca le Freagracht Tuismitheoirí agus le Bearta chun Leanaí a Chosaint, 1996, agus i Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003. Tugann sé cúnamh maidir le hiarratais a bhaineann le fuadach idirnáisiúnta leanaí, le rochtain agus le socrú leanaí i	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 1991	Athchóiriú an Dlí Shibhialta
24	An Lárúdarás um Aisghabháil Cothabhála ó Áiteanna Thar Lear	Cabhrú le horduithe cothabhála leanaí a chlárú agus a fhorghníomhú ar bhonn idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cothabháil a Aisghabháil Thar Lear (a síníodh i Nua-Eabhrac an 20 Meitheamh 1956) agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle (an 18 Nollaig 2008) maidir le dlíne, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forghníomhú cinntí agus comhar i dtaca le nithe a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála.	Bunaíodh an comhlacht seo sa bhliain 1995	Athchóiriú an Dlí Shibhialta
25	Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig/An Rannán um Beartas agus Cláir maidir le Coireacht i measc Daoine Óga	Is ar Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig atá an fhreagracht as athchóiriú a stiúradh agus a bhrú chun cinn i réimse an cheartais i leith an aosa óig. Cistíonn sí an Clár Athstíurtha don Óige de chuid an Gharda Síochána agus cláir phobail eile dá cuid freisin.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí na Nollag 2005	N/B
26	An Oifig um Shábháilteacht Idirlín	Sábháilteacht Idirlín a chur chun cinn, go háirithe i ndáil le pornagrafaíocht leanaí a chomhrac.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí an Mhárta 2008	N/B
27	Oifig Íospartaigh na Coireachta	Feabhas a chur ar leanúnachas agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear d'íospartaigh na coireachta.	Bunaíodh an comhlacht seo i mí Mheán Fómhair 2008	N/B
28	An tAonad um Chomhlíonadh Frithsciúradh Airgid	Soláthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta a údarú, Clubanna Ball Príobháideach a chlárú, agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh frithsciúradh airgid i measc Déileálaithe Earraí Ardluacha, Soláthraithe Seirbhíse Iontaobhais nó Cuideachta agus Clubanna Ball Príobháideach.	An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010	N/B

COMHLACHTAÍ REACTÚLA: Is comhlachtaí iad seo a bunaíodh le dlí.				
29	An Garda Síochána	Póilíneacht agus slándáil náisiúnta sa Stát	Achtanna an Gharda Síochána, 1924-2005	An Rannán Póilíneachta
30	An tSeirbhís Chúirteanna	Na cúirteanna a bhainistiú, tacú leis an mbreithiúnacht agus seirbhísí atá ar ardchaighdeán agus gairmiúil a chur ar fáil do gach duine a úsáideann na cúirteanna.	An tAcht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998	Beartas Cúirteanna
31	An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	Díriú ar na sócmhainní, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil	An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996	An Rannán um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe
32	Cigireacht an Gharda Síochána	Cigireachtaí nó fiosrúcháin a dhéanamh ar aon ghnéithe ar leith d'oibriú agus riar an Gharda Síochána	Acht an Gharda Síochána, 2005	An Rannán Póilíneachta
33	Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	Réitigh fiachais dócmhainneachta pearsanta a oibriú; Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus Idirghabhálaithe Ceadaithe a údarú agus maoirseacht a dhéanamh orthu	An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012	An tAonad Rialachais Shibhialta
34	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	Cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn in Éirinn	An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014	An Rannán Comhionannais
35	An Coiste Comhairliteach um Théarmaí Dlíthiúla Gaeilge	Sainchomhairle a sholáthar i ndáil le foirmeacha agus fasaigh a ullmhú agus a fhoilsiú d'ionstraimí dlíthiúla agus de dhoiciméid dhlíthiúla i nGaeilge	An tAcht Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge, 1945	An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
36	An Bord um Chúnadh Dlíthiúil	Cúnadh dlíthiúil sibhialta agus comhairle dhlíthiúil shibhialta a sholáthar	An tAcht um Chúnadh Dlíthiúil Sibhialta, 1995	An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
37	An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)	Athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006	Beartas Príosún agus Promhaidh
38	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	Comhairle a sholáthar maidir le beartas agus cleachtas míchumais	An tAcht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999	An Rannán Comhionannais
39	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	Taifid chinntitheacha léarscáilithe an Stáit a chruthú agus a chothabháil	An tAcht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001	An tAonad Rialachais Shibhialta
40	Oifig an Chigire Príosún	Cigireacht a dhéanamh ar phríosúin agus ról comhairleach a chomhlíonadh	Acht na bPríosún, 2007	Beartas Príosún agus Promhaidh
41	An tÚdarás Póilíneachta	Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i dtaca le seirbhísí póilíneachta in Éirinn	Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015	An Rannán Póilíneachta
42	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú agus a rialú agus clárú agus úinéireacht talún a chur chun cinn agus a leathnú	An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006	An tAonad Rialachais Shibhialta
43	An Oifig Luachála	Gníomhaireacht luachála maoine an Stáit – luachálacha atá cruinn agus cothrom le dáta a sholáthar i ndáil le maoine tráchtála agus tionscail.	Valuation (Ireland) Act 1852; an tAcht Luachála 2001	An tAonad Rialachais Shibhialta
Oifig reachtúil eile				
44	An tSeirbhís Chróinéara	Scrúdú a dhéanamh ar na himthosca taobh thiar de bhás tobann, mínádúrtha, gan mhíniú nó fóreigneach	An tAcht Cróinéirí, 1962	Beartas Príosún agus Promhaidh

